*I gcás go bhfuil neamhréireacht san aistriúchán, tá tosaíocht ag an leagan Béarla.*

**Clár Ábhair**

Cuid 1 ..... 5
1.1 Brollach ..... 5
1.2 Conas na hAthruithe Ábhair Beartaithe a Léamh ..... 5
1.3 Measúnuithe Timpeallachta ..... 6
1.4 Do Ról – Aighneacht/Tuairim a Dhéanamh ..... 6
1.5 Na Chéad Chéimeanna Eile ..... 7
Cuid 2 Athruithe Ábhair Beartaithe ..... 9
Caibidil 1 Réamhrá agus Comhthéacs ..... 9
Caibidil 2 Fís do Dhroichead Nua ..... 9
Caibidil 3 Croístraitéis Chontae Chill Dara a chomhlíonadh ..... 9
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 1 ..... 9
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 2 ..... 9
Caibidil 4 Lár-Dhroichead Nua a Neartú agus a Athnuachan ..... 11
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 3 ..... 11
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 4 ..... 11
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 5 ..... 11
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 6 ..... 12
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 7 ..... 12
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 8 ..... 13
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 9 ..... 14
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 10 ..... 14
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 11 ..... 15
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 12 ..... 15
Caibidil 5 Forbairt Eacnamaíoch ..... 17
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 13 ..... 17
Caibidil 6 Tithe agus Pobail ..... 18
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 14 ..... 18
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 15 ..... 18
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 16 ..... 18
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 17 ..... 19
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 18 ..... 20
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 19 ..... 21
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 20 ..... 21

Caibidil 7 Gluaiseacht agus Iompar ... 22
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 21 ... 22
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 22 ... 22
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 23 ... 22
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 24 ... 23
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 25 ... 24
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 26 ... 24
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 27 ... 25
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 28 ... 25
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 29 ... 26
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 30 ... 26
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 31 ... 27
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 32 ... 27
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 33 ... 28
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 34 ... 28
Caibidil 8 Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíocht ... 29
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 35 ... 29
Caibidil 9 Bonneagar Glas agus Gorm ... 30
Caibidil 10 Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil ... 30
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 36 ... 30
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 37 ... 30
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 38 ... 30
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 39 ... 31
Caibidil 11 Cur i bhfeidhm ... 32
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 40 ... 32
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 41 ... 32
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 42 ... 33
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 43 ... 34
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 44 ... 35
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 45 ... 35
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 46 ... 35
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 47 ... 37
Aguisín A Léarscáileanna ... 39
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 48 ... 39
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 49 ... 39

Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 50 .......... 40
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 51 .......... 40
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 52 .......... 41
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 53 .......... 44
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 54 .......... 47
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 55 .......... 48
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 56 .......... 48
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 57 .......... 49
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 58 .......... 49
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 59 .......... 53
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 60 .......... 58
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 61 .......... 59
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 62 .......... 59
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 63 .......... 61
Athrú Beartaithe Uimh. 2 Leasuithe ar Imleabhar 1 agus Imleabhar 2 Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023 - 2029 (arna athrú) .......... 62
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 64 .......... 62
Measúnú Straitéiseach ar Riosca Tuilte de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023 - 2029 (Arna Athrú) (Athrú Uimh. 2) .......... 63
Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 65 .......... 63
Cuid 3 Liosta d’Athruithe Neamhábhair .......... 89
Athrú Neamhábhir Uimh. 1 .......... 89
Athrú Neamhábhir Uimh. 2 .......... 89
Athrú Neamhábhir Uimh. 3 .......... 89
Athrú Neamhábhir Uimh. 4 .......... 89
Athrú Neamhábhir Uimh. 5 .......... 90

# Cuid 1

## 1.1 Brollach

Cuireadh an tAthrú Beartaithe Uimh. 2 (Plean Lonnaíochta Dhroichead Nua) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023 - 2029 (arna athrú), (dá ngairtear an Dréachtphlean feasta) ar taispeáint go poiblí ón gCéadaoin 17 Meán Fómhair 2025 go dtí Déardaoin 16 Deireadh Fómhair 2025, agus an dá lá sin san áireamh. Cuireadh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar Aighneachtaí/Tuairimí a fuarthas maidir le hAthrú Beartaithe Uimh. 2 (Plean Lonnaíochta Dhroichead Nua) faoi bhráid Chomhaltaí Tofa Chomhairle Contae Chill Dara lena mbreithniú an 11 Samhain 2025.

Tar éis breithniú a dhéanamh ar Athrú Beartaithe Uimh. 2 (Plean Lonnaíochta Dhroichead Nua) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023 - 2029 (arna athrú) agus ar Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh, shocraigh na Comhaltaí ag Cruinniú Speisialta de Chomhairle Chontae Chill Dara a tionóladh Dé Luain an 15 Nollaig 2025 an tAthrú Beartaithe Uimh. 2 (Plean Lonnaíochta Dhroichead Nua) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023 - 2029 (arna athrú) a athrú, agus is ionann na hathruithe seo agus athrú ábhartha ar an Dréachtphlean.

De réir Alt 13(6) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), foilsítear leis seo na hAthruithe Ábhartha Beartaithe le haghaidh comhairliúcháin phoiblí ar feadh tréimhse 4 seachtaine.

## 1.2 Conas na hAthruithe Ábhair Beartaithe a Léamh

Tagraítear do na **hAthruithe Ábhair Beartaithe Uimh. 1 – Uimh. 65** in Alt 2 agus tá léarscáileanna gaolmhara ag gabháil leo nuair is ábhartha, agus nuair is iomchuí le hathruithe crostagartha.

Sa chás go mbíonn tionchar ag Athruithe Ábhair Beartaithe ar chriosuithe úsáide talún, sainaithníodh iad ar Léarscáil Chriosaithe Úsáide Talún (Athruithe Ábhair Beartaithe) a sholáthraítear in Aguisín 1 den tuarascáil seo. Ina theannta sin, sa chás ina mbeartaítear Athruithe Ábhair Beartaithe a chur in ionad léarscáileanna eile in Aguisín A den Athrú Beartaithe Uimh. 2 (Plean Lonnaíochta Dhroichead Nua) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023 - 2029 (arna athrú), tá siad seo laistigh d’Aguisín 1 den tuarascáil seo.

Taispeántar téacs an Athraithe Beartaithe Uimh. 2 (Plean Lonnaíochta Dhroichead Nua) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú) ina ghnáthchló. Taispeántar scriosadh beartaithe i dtéacs ~~dearg le líne tríd~~. Taispeántar breiseanna beartaithe mar théacs *iodálach glas.*

**Tabhair do d’aire:** Má ghlactar le haon cheann de na hAthruithe Ábhair Beartaithe a liostaítear in Alt 2 den tuarascáil seo le hAthrú Beartaithe Uimh. 2 (Plean

Lonnaíochta Dhroichead Nua) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú), d'fhéadfadh athruithe iarmhartacha tarlú i rannóga éagsúla ar fud Dhréachtphlean Lonnaíochta Dhroichead Nua agus Aguisín A (Léarscáileanna) lena n-áirítear Imleabhar 1 agus Imleabhar 2 de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú) mar thoradh air sin.

Soláthraíonn Alt 3 den Tuarascáil liosta d'Athruithe Neamhábhair a tháinig chun cinn mar chuid de na haighneachtaí agus de na tuairimí a fuarthas ar an Dréachtphlean. Cuirtear an chuid seo i láthair chun críocha faisnéise amháin.

## 1.3 Measúnuithe Timpeallachta

I gcomhréir le hAlt 13(6) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), socraíodh nach bhfuil gá le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) maidir leis na hathruithe ábhair atá beartaithe, agus nach bhfuil gá le Measúnacht Chuí (MC) maidir leis na hathruithe ábhair atá beartaithe freisin.

Dá réir sin, foilsíodh na cáipéisí seo a leanas lena scrúdú agus le haghaidh comhairliúcháin phoiblí:

- *Tuarascáil Aguisín um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta* de bhun Threoir an MST agus na Rialachán um Phleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) 2004-2011 ina bhfuil measúnú ar na hAthruithe Ábhartha atá Beartaithe.
- *Tuarascáil maidir le Scagadh Measúnachta Cuí (MC)* de bhun na Treorach um Ghnáthóga (92/43/CEE) agus *an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000* (arna leasú), ina bhfuil measúnacht ar na hAthruithe Ábhair Beartaithe.

## 1.4 Do Ról – Aighneacht/Tuairim a Dhéanamh

Beidh cóip de na hAthruithe Ábhair Beartaithe ar taispeáint ón Máirt an 6 Eanáir go dtí 4 pm Dé Máirt an 3 Feabhra 2026 le linn gnáthuaireanta oscailte sna háiteanna seo a leanas:

- Ar an tairseach comhairliúcháin phoiblí ag: Athrú Beartaithe Uimh. 2 (Plean Lonnaíochta an Droichid Nua) ar Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú) | Comhairle Contae Chill Dara
- An Rannóg Pleanála, Comhairle Contae Chill Dara, Áras Chill Dara, Páirc Uí Dhubhuí, An Nás, Contae Chill Dara W91 X77F

Ba chóir aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn a mharcáil go soiléir **'Athruithe Ábhair Beartaithe ar an Athrú Beartaithe Uimh. 2 (Plean Lonnaíochta Dhroichead Nua) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023 - 2029 (arna athrú)'** agus iad a chur isteach trí:

- An tairseach comhairliúcháin phoiblí ar líne ag: Athrú Beartaithe Uimh. 2 (Plean Lonnaíochta an Droichid Nua) ar Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú) | Comhairle Contae Chill Dara

**NÓ**

- I scríbhinn chuig:
  - Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, An Rannóg Pleanála, Comhairle Contae Chill Dara, Áras Chill Dara, An Nás, Contae Chill Dara W91 X77F

Iarrtar ort d’aighneacht a dhéanamh in **aon** mhodh amháin .i.e. i gcruachóip nó ar líne. Ba choir d’ainm a lua ar aon aighneacht nó tuairim agus, más cuí, ba chóir an comhlacht nó an eagraíocht dá déantar ionadaíocht a lua freisin, chomh maith le huimhir/uimhreacha an leasaithe ábhair beartaithe/na leasuithe ábhair beartaithe. Ní ghlacfar le haighneachtaí trí ríomhphost ná trí fhacs, ná le haighneachtaí déanacha.

Beidh gach aighneacht nó tuairim a dhéantar i leith na nAthruithe Ábhair Beartaithe ar Athrú Beartaithe Uimh. 2 (Plean Lonnaíochta Dhroichead Nua) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023 - 2029 (arna athrú) agus doiciméid ghaolmhara mar chuid de Thuarascáil reachtúil an Phríomhfheidhmeannaigh a chuirfear faoi bhráid na gComhaltaí Tofa. Ní mheasfar ach aighneachtaí nó tuairimí a chuirtear isteach maidir léis na hAthruithe Ábhair Beartaithe agus na cáipéisí a bhaineann leo (ina measc: aighneachtaí a bhaineann leis na héifeachtaí suntasacha timpeallachta gur dócha a bheidh le cur i bhfeidhm na n-Athruithe Ábhair Beartaithe) sula ndéanfar aon athrú ábhair ar Athrú Beartaithe Uimh. 2. Ní féidir aighneachtaí ná tuairimí maidir le haon ghné eile d’Athrú Beartaithe Uimh. 2 (Plean Lonnaíochta an Droichid Nua) **a mheas** ag an bpointe seo den phróiseas.

Foilseofar Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir leis na hAthruithe Ábhair Beartaithe ar an tairseach comhairliúcháin phoiblí ar líne: Athrú Beartaithe Uimh. 2 (Plean Lonnaíochta an Droichid Nua) ar Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú) | Comhairle Contae Chill Dara.

Tá sonraí maidir le do chearta agus d’oibleagáidí príobháideachais le fáil anseo: Cosaint Sonraí - Comhairle Contae Chill Dara

## 1.5 Na Chéad Chéimeanna Eile

Tar éis na tréimhse comhairliúcháin phoiblí thuasluaite, ullmhófar Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar aon aighneachtaí nó tuairimí a gheofar maidir leis na hAthruithe Ábhair Beartaithe ar an Athrú Beartaithe Uimh. 2 agus na doiciméid MST agus MC a ghabhann leo, agus cuirfear an tuarascáil seo faoi bhráid Chomhaltaí Tofa Chomhairle Contae Chill Dara lena mbreithniú. Breithneoidh na Comhaltaí na hAthruithe Ábhair Beartaithe agus Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh agus déanfaidh siad, tráth nach déanaí ná tréimhse 6 seachtaine tar éis Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh a chur ar fáil, an tAthrú Beartaithe Uimh. 2 (Plean Lonnaíochta Dhroichead Nua) a dhéanamh nó a leasú de réir mar is iomchuí.

Agus Athrú Beartaithe Uimh. 2 (Plean Lonnaíochta Dhroichead Nua) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023 - 2029 (arna athrú) á dhéanamh acu, ní mór do na Comhaltaí Tofa na hAthruithe Ábhair Beartaithe ar Athrú Beartaithe Uimh. 2 (Plean Lonnaíochta Dhroichead Nua), na tuarascálacha comhshaoil agus Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar aon aighneachtaí/tuairimí a fuarthas a bhreithniú agus cinneadh a dhéanamh an ndéanfaidh siad an tAthrú Beartaithe Uimh. 2 (Plean Lonnaíochta Dhroichead Nua) leis na hAthruithe Ábhair Beartaithe nó gan iad.

Luaitear in Alt 13(7) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) go bhfuil srian ar Chomhaltaí na Comhairle maidir leis na nithe seo a leanas:

- Breithniú a dhéanamh ar phleanáil chuí agus ar fhorbairt inbhuanaithe an limistéir lena mbaineann an plean;
- Oibleagáidí reachtúla an údaráis áitiúil; agus
- Aon bheartais nó cuspóirí ábhartha atá i bhfeidhm de thuras na huaire ag an Rialtas nó ag aon Aire den Rialtas.

Ina theannta sin, ní mór do na Comhaltaí Tofa, ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail agus le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair, de réir an 'Chód Iompair do Chomhairleoirí' (Deireadh Fómhair 2021) arna ullmhú faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú), a ndualgais a chomhlíonadh ar bhealach trédhearcach, ní mór dóibh leanúint leis an bpróiseas cuí agus ní mór dóibh a gcinntí a dhéanamh bunaithe ar bhreithnithe ábhartha.

## Cuid 2 Athruithe Ábhair Beartaithe

Leagtar amach thíos na hAthruithe Ábhair Beartaithe ar Athrú Uimh. 2 (Plean Lonnaíochta Dhroichead Nua).

## Caibidil 1 Réamhrá agus Comhthéacs

Níl aon athruithe ábhair beartaithe.

## Caibidil 2 Fís do Dhroichead Nua

Níl aon athruithe ábhair beartaithe.

## Caibidil 3 Croístraitéis Chontae Chill Dara a chomhlíonadh

### Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 1

Caibidil 3 Croístraitéis Chontae Chill Dara a chomhlíonadh, Alt 3.6, Tábla 3.7 Cumas Forbartha Cónaithe Measta, leasú ar Alt B de Leithdháileadh Croístraitéise Spriocanna Athbhreithnithe Tithíochta, mar seo a leanas:

| **Alt B** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Leithdháileadh ~~Croístraitéise Fáis~~ *Spriocanna* Athbhreithnithe Tithíochta**[1] | | | | | | |
| Aonaid leithdháilte ar Thailte Céim 2 Cónaithe Nua chun ullmhú le haghaidh Fás Athbhreithnithe Tithíochta | Cp2 (1) | Níl | Sraith 1 | 5.91 | 207 | 50 dph |
| | Cp2 (2) | Níl | Sraith 2 | ~~5.35~~ 6.19 | ~~225~~*260* | 60 dph |
| | Cp2 (3) | Níl | Sraith 2 | ~~4.39~~ *3.77* | ~~176~~*151* | 50 dph |
| | *Cp2 (4)* | *Níl* | *Sraith 2* | *8.41* | *252* | *40 dhp* |
| **Fo-Iomlán:** | | | | **~~15.65~~ *24.28*** | **~~608~~ *870* aonad** | |
| **IOMLÁN:** | | | | **~~59.04~~ 62.87 heicteár** | **~~1,796~~ *1,984* aonad** | |

### Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 2

Caibidil 3 Croístraitéis Chontae Chill Dara a chomhlíonadh, Alt 3.6 Fás Cónaithe Measta sa Droichead Nua 2025 – 2029, leasú a dhéanamh ar an gcéad líne den dara mír faoin roinn dar teideal Forbairt Tithíochta Chonnail Mhór mar seo a leanas:

> Beidh tógáil iomlán na n-aonad cónaithe ~~ag brath go hiomlán ar chríochnú an droichid agus~~ *seachadfar é i gcomhar le* Cuarbhóthar Dheisceart Dhroichead Nua.

[1] Ní dhéanfar forbairt ar thailte Céim 2 Cónaithe Nua ach amháin i gcomhréir le Cuspóir POS 1.5.

Caibidil 11 Cur i bhFeidhm, Alt 11.1.1, Tábla 11.1 Achoimre Dearaidh Chonnail Mhór an PLF, an chéad líne faoi Nascacht agus Gluaiseacht a leasú, mar a leanas:

> Soláthrófar rochtain feithiclí ar an PLF seo trí Chuarbhóthar Theas Dhroichead Nua (CTDN) a thógfar ~~ina iomláine~~, i gcomhar leis an bhforbairt chónaithe chéimnithe laistigh den PLF.

## Caibidil 4 Lár-Dhroichead Nua a Neartú agus a Athnuachan

### Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 3

Caibidil 4 Lár-Dhroichead Nua a Neartú agus a Athnuachan, Alt 4.1.2 Suirbhé ar Úsáid Talún Urláir na Talún Lár Bhaile an Droichid Nua, Fonóta 27 a leasú mar a leanas:

> [27]Ríomhadh an ráta folúntais seo trí úsáid a bhaint as ráta folúntais na n-aonad áise, comparáide, comparáide earraí builc agus seirbhísí miondíola i lár an bhaile (féach Tábla 4.1). Leis an suirbhé, fuarthas go raibh 16 de na 108 aonad miondíola deimhnithe sa bhaile folamh tráth an tsuirbhé. Tugtar faoi deara go bhfuil na figiúirí seo difriúil ó na figiúirí maidir le folúntas foriomlán na n-aonad tráchtála. I measc na suíomh lárnach, tá áitribh lena n-áirítear sean-Teach Tábhairne Charlie Ryan agus Teach Tábhairne Keg. Tá dhá réadmhaoin ar Bhóthar an Sceanra ar Chlár Láithreán Tréigthe CCCD (17/2/25), lena n-áirítear Tag. Uimhreacha DS-2007-N03 *(Sean Halla an Bhanna nó Halla O'Modhráin a bhí ina ábhar d'Ordú Ceannaigh Éigeantaigh le déanaí)* agus DS-2023-16 *(ar an acomhal le hAth Garbhán/Bóthar Míleata os coinne an túir uisce).* ~~(Sean Halla an Bhanna).~~

### Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 4

Caibidil 4 Lár-Dhroichead Nua a Neartú agus a Athnuachan, Cuspóirí Neartaithe agus Athnuachana Lár an Bhaile, cuir isteach cuspóir breise mar a leanas:

***TCO 3.X*** *Tacú le cur i bhfeidhm straitéise réimse poiblí do Dhroichead Nua, mar chuid den Mháistirphlean Athnuachana Baile chun pailéad ábhar saincheaptha a ionchorprú, lena n-áirítear ábhar do chosán, comharthaíocht (lena n-áirítear treochomharthaíocht) agus troscán sráide a chomhlánóidh agus a fheabhsóidh an timpeallacht nádúrtha agus thógtha.*

### Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 5

Caibidil 4 Lár-Dhroichead Nua a Neartú agus a Athnuachan, Cuspóirí Neartaithe agus Athnuachana Lár an Bhaile, cuir isteach cuspóir breise mar a leanas

***TCO 3.X*** *Tacú agus éascú a dhéanamh ar rochtain fheabhsaithe do choisithe ar Ionad Siopadóireachta an Chlós ó Bhóthar Míleata agus ón gceantar do choisithe idir Ionad Siopadóireachta an Uisce Bháin agus an Bóthar Míleata.*

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 6**

Caibidil 4 Lár-Dhroichead Nua a Neartú agus a Athnuachan, Alt 4.4.3 Creat Dearaidh Uirbigh LCL an Droichid Nua Láir, cuir isteach téacs breise mír a haon mar seo a leanas:


> Tá foráil sa Chreat Dearaidh Uirbigh (Fíor 4.10) d'athnuachan dírithe ar na seacht gceantar deise a pléadh roimhe seo, agus má dhéantar athfhorbairt orthu, táthar ag súil go gcabhróidh siad le sineirgí a chruthú a chuirfidh tús le hathnuachan suíomh in aice láimhe laistigh de LCL Lár-Dhroichead Nua. *Is é cuspóir an Chreat Dearaidh Uirbigh na paraiméadair uileghabhálacha a bhunú chun forbairt an cheantair amach anseo a threorú. Go ginearálta, measfar gur eilimintí seasta iad príomhphointí rochtana, príomhaghaidheanna foirgneamh, naisc agus spásanna poiblí; féadfar méid áirithe solúbthachta a mheas, áfach, nuair a bheidh údar maith leis. Féadfar athruithe ar aghaidheanna foirgneamh, leagan amach bloc uirbeach, agus socruithe rochtana a cheadú i gcás ina léirítear réasúnaíocht shoiléir agus láidir maidir le dearadh uirbeach, agus i gcás nach gcuirtear isteach ar fhaireachas éighníomhach ar spásanna poiblí agus ar dheiseanna le haghaidh tréscaoilteachta. Tabharfaidh an tÚdarás Pleanála aird chuí freisin ar thograí malartacha le haghaidh suíomhanna deise i gcás inar féidir a léiriú go mbeadh torthaí pleanála níos fearr agus caighdeán níos airde cáilíochta áite mar thoradh ar thograí den sórt sin.*

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 7**

Caibidil 4 Lár-Dhroichead Nua a Neartú agus a Athnuachan, Alt 4.4.3 Creat Dearaidh Uirbigh LCL an Droichid Nua, an dara habairt den dara mír a leasú mar seo a leanas:

> Soláthraíonn an togra seo d'fhorbraíocht chónaithe suite laistigh den chuid theas den suíomh le mionpháirc phoiblí*/spás cathartha* agus Ionad Cúraim Phríomhúil suite ó thuaidh.

Caibidil 4 Lár-Dhroichead Nua a Neartú agus a Athnuachan, Alt 4.4.3 LCL an Droichid Nua Láir, cuir isteach téacs breise ar Fhíor 4.10Creat Dearaidh Uirbigh do LCL an Droichid Nua Láir, 'spás cathartha' i ndáil leis an tagairt do mhionpháirc, mar a leanas:




Caibidil 11 Cur i bhFeidhm, Tábla 11.3: Sceideal um Chur i bhFeidhm agus Seachadta Bonneagair – Lár-Dhroichead Nua agus Tailte Cónaithe Nua, Láithreán Neartaithe Lonnaíochta Lárnach an Droichid Nua, a leasú mar a leanas:

| Spás Oscailte | | |
|---|---|---|
| Sraith de mhionpháirceanna,/spás cathartha, spásanna taitneamhachta príobháideacha agus clóis súgartha a shainaithnítear ar Fhíor 4.10 a fhorbairt | I gcomhar leis an bhforbairt nua. | Forbróir |

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 8**

Caibidil 4 Lár-Dhroichead Nua a Neartú agus a Athnuachan, Alt 4.4.3 Creat Dearaidh Uirbigh LCL an Droichid Nua Láir, cuir isteach téacs breise faoi mhír a dó mar seo a leanas:

> Meastar go bhfuil athnuachan Shuíomh 2 (an sean-Chlós Innealra) ríthábhachtach do rath foriomlán an LCL. Soláthraíonn an togra seo

d'fhorbraíocht chónaithe suite laistigh den chuid theas den suíomh le mionpháirc phoiblí agus Ionad Cúraim Phríomhúil suite ó thuaidh. Tá sé cinntithe ag an bPlean gurb é an suíomh is fearr d'Ionad Cúraim Phríomhúil nua i nDroichead Nua ná laistigh den LCL mar gheall ar a shuíomh lárnach agus inrochtana. Ní gá go mbeadh sé suite laistigh de Shuíomh 2, áfach. *Má tá soláthar an Ionaid Chúraim Phríomhúil lonnaithe ag suíomh malartach laistigh den LCL, déanfaidh Láithreán 2 foráil d'úsáid mhalartach pobail de réir chriosú úsáide talún lár an bhaile.* Le hathfhorbairt Shuíomh 3, Shuíomh 4 agus Shuíomh 5, moltar forbraíocht tráchtála / úsáide measctha a bhféadfadh úsáidí cónaithe a bheith i gceist leo freisin. Le Suíomh 4, tá sé beartaithe go bhforbrófar mionpháirc nua timpeall an tsean-túir uisce freisin. Meastar gur suímh optamacha iad Suíomh 6 agus Suíomh 7 atá suite in oirthear an LCL le haghaidh forbraíocht chónaithe. Tá nasc coisithe/rothair mar chuid díobh freisin a chuirfidh rochtain níos dírí ar fáil ar lár an bhaile ó chomharsanachtaí cónaithe feadh Bhóthar Chill Chuillinn soir agus soir ó dheas.

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 9**

Caibidil 4 Lár-Dhroichead Nua a Neartú agus a Athnuachan, Alt 4.3 Cáilíocht na Réimse Poiblí laistigh de Lár an Bhaile, Cuspóir CLB 3.2 a leasú mar a leanas:

**CLB 3.2** A éileamh go bhfeabhsóidh gach forbairt nua caighdeán na ríochta poiblí. Áirítear leis sin líonra ~~nasctha~~ de shráideanna agus spásanna nasctha atá *deartha go huilíoch* a éascú a thugann tús áite do choisithe agus do rothaithe agus a dhéanann foráil d'fhéidearthacht naisc le forbairt amach anseo ar thailte cóngaracha.

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 10**

Caibidil 4 Lár-Dhroichead Nua a Neartú agus a Athnuachan, Alt 4.4.3 Cuspóirí Creat Dearaidh Uirbigh LCL an Droichid Nua Láir, cuir isteach cuspóir breise mar a leanas:

***CLB 4.3*** *Dul i dteagmháil leis na príomhpháirtithe leasmhara maidir le cur i bhfeidhm Pháirc an Túir Uisce de réir an leagain amach táscach a shonraítear faoi Fhíor 4.10 Creat Dearaidh Uirbigh do Láithreán Comhdhlúite Lonnaíochta Lár an Droichid Nua.*


**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 11**

Caibidil 4 Lár-Dhroichead Nua a Neartú agus a Athnuachan, Alt 4.4.3 Cuspóirí Creat Dearaidh Uirbigh LCL an Droichid Nua Láir, cuir isteach naisc bhreise do choisithe (a thaispeántar i mbuí) mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***CLB 4.4*** | *(a) Linn snámha poiblí a sheachadadh mar chuid d'athfhorbairt fhoriomlán ar shuíomh an tsean-Chlós Innealra (faoi úinéireacht Chomhairle Contae Chill Dara) mar chuid de Láithreán Comhdhlúite Lonnaíocht an Droichid Nua Láir.*<br><br>*(b) I gcás nach féidir linn snámha a sholáthar ag an sean-Chlós Innealra, ba cheart breithniú a dhéanamh ar na tailte soir (díreach in aice leis an mbóthar) i bPríomhlimistéar Forbartha (PLF) Dhroichead Nua Thuaidh (tailte criosaithe 'F (2): Spás Oscailte agus Taitneamhacht' ag féachaint do Chuspóir HCO 6.1).* |

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 12**

Caibidil 4 Lár-Dhroichead Nua a Neartú agus a Athnuachan, Fíor 4.10 Creat Dearaidh Uirbigh do LCL, an Droichid Nua Láir, cuir isteach naisc bhreise do choisithe (a thaispeántar i mbuí) mar a leanas:


Edward Street
Cutlery Road
Whitewater Shopping Centre
Water Tower Park
Courtyard Shopping Centre
Pocket Park
Aldi
Athgarvan Road
Newbridge Silverware
Kilcullen Road
Newbridge Retail Park
Lidl
County Kildare Central Fire Station
Dunnes Stores
0m
100m
200m

# Caibidil 5 Forbairt Eacnamaíoch

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 13**

Caibidil 5 Forbairt Eacnamaíoch, Alt 5.5.3 Fás Earnála Spriocdhírithe, Cuspóirí Turasóireachta, cuir isteach cuspóir breise mar a leanas:

***CFE 2.5*** *Tacaíocht, i gcás inarb iomchuí, do Chill Dara agus do Fáilte Éireann i bhforbairt ionad faisnéise turasóireachta laistigh de lár an bhaile.*

# Caibidil 6 Tithe agus Pobail

### Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 14

Caibidil 6 Tithe agus Pobail, Alt 6.4.1.3 Sláinte, Cuspóirí Cúraim Sláinte, HCO 4.5 a leasú mar a leanas:

**HCO 4.5** Tacú le soláthar *cóiríochta maireachtála tacaithe d'aosaigh óga,* áiseanna cúraim chónaithe agus seirbhísí do dhaoine scothaosta, breithnithe cuí maidir le suíomh agus dearadh uilíoch, lena n-áirítear Lóiste na Life a athfhorbairt ina thithíocht aoisbháúil agus forbairt tailte criosaithe 'E (2): 'Pobal agus Oideachas' chun aonaid tithíochta aonair agus/nó saoráid tí altranais a fhorbairt chun freastal ar riachtanais daoine scothaosta.

### Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 15

Caibidil 6 Tithe agus Pobail, Alt 6.4.4.1 Cuspóirí Spáis Oscailte, Páirceanna agus Spáis d'Áiseanna, HCO 5.3 a leasú mar a leanas:

**HCO 5.3** Páirc líneach a shíneadh agus a fhorbairt feadh dhá thaobh na Life ó Gharraí Thancaird go dtí Mótarbhealach M7 agus leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar chóras na bpáirceanna cois abhann chun críocha áineasa éighníomhaigh ~~agus~~ spóirt uisce *agus slatiascaireachta (más iomchuí)* i gcomhréir leis na cuspóirí atá leagtha amach i Straitéis Ghleann na Life 'I dTreo Páirc Ghleann na Life' (2006), nó aon phlean a chuirfear ina ionad. *Ní mór d'aon dearadh mionsonraithe aird a thabhairt ar ghnáthóga bruachánacha a leagtar amach in Alt 9.5.1.3 agus atá mapáilte ar Léarscáil V2-N_9.1.*

### Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 16

Caibidil 6 Tithe agus Pobail, Alt 6.4.1.4, Cuspóirí Spáis Oscailte, Páirceanna agus Spáis d'Áiseanna, HCO 5.6 a leasú mar a leanas

**HCO 5.6** Imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le *páirc madraí* inrochtana, *rian caidéil agus páirc cruicéid* a sholáthar laistigh de thailte atá ainmnithe mar F: Spás Oscailte agus Taitneamhacht'.

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 17**

Caibidil 6 Tithe agus Pobail, Alt 6.4.1.5 Spóirt agus Áineas, Cuspóirí Spóirt agus Áineasa, Cuspóir HCO 6.1 a leasú mar a leanas:

**HCO 6.1** Clubanna spóirt, grúpaí pobail agus institiúidí oideachais a éascú chun tailte inrochtana a fháil agus/nó a úsáid chun críocha spóirt agus áineasa *(linn snámha san áireamh)*, agus tacú le saoráidí spóirt ilúsáide a chur ar fáil ar thalamh atá criosaithe mar 'F (1): Spás Oscailte agus Taitneamhacht', 'F (2): Spás Oscailte agus Taitneamhacht' ~~agus~~ 'F (3): Spás Oscailte agus Taitneamhacht' *agus tailte criosaithe 'F (5): Spás Oscailte agus Taitneamhacht'* laistigh de limistéar an Phlean.

Caibidil 6 Tithe agus Pobail, Alt 6.4.1.5 Spóirt agus Áineas, Cuspóirí Spóirt agus Áineasa, Cuspóir HCO 6.4 a leasú chun na nithe seo a leanas a áireamh:

**HCO 6.4** Maoiniú a lorg go gníomhach ó ghníomhaireachtaí ábhartha agus ó fhoinsí rialtais, lena n-áirítear an Ciste um Bonneagar Spóirt ar Mhórscála (CBSM) chun tacaíocht airgeadais a fháil chun áiseanna spóirt a fhorbairt *(linn snámha san áireamh)* ar thailte atá criosaithe mar 'F(1), F(2) agus F(3): Spás Oscailte agus Taitneamhacht *agus tailte criosaithe cuí eile.*

Caibidil 11 Cur i bhFeidhm, Alt 11.3 Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún, Tábla 11.5, cuir isteach Cuspóir Sonrach Láithreáin faoi 'F: Spás Oscailte agus Taitneamhacht' mar seo a leanas:


*F (5)* *Ainmnithe chun spás oscailte áineasa agus /nó foirgnimh spóirt a sholáthar agus chun síneadh a chur le Páirc Líneach na Life ar thailte nach bhfuil i seilbh ag Club Spóirt agus Fóillíochta Ryston faoi réir gach measúnacht timpeallachta is gá.*

Caibidil 11 Cur i bhFeidhm, Tábla 11.6 Maitrís Chriosaithe Úsáide Talún, fonóta 128 a leasú mar a leanas:

**Fonóta 128:**

[128] Ní osclaítear ach le breithniú ar thailte atá criosaithe 'F (1), F (2) ~~agus~~ F (3) agus F (5): Spás Oscailte agus Taitneamhacht'. Féach Cuspóirí HCO 6.1 agus HCO 6.2 faoi Chuid 6.4.1.5 a thacaíonn le háiseanna spóirt.

Léarscáil V2-N: 11.1 Criosaithe Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar thailte atá leagtha amach i mbuí le haithint mar 'F (5): Spás Oscailte agus Taitneamhacht'.




**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 18**

Caibidil 6 Tithe agus Pobail, Alt 6.4.1.5 Spóirt agus Áineas, Cuspóirí Spóirt agus Áineas, cuir isteach an cuspóir seo a leanas:

***HCO 6.6*** *Tacú le clós súgartha nádúrtha atá deartha go huilíoch a sholáthar laistigh de thailte atá criosaithe 'F (4): 'Spás Oscailte agus Taitneamhacht' ag Roseberry/Ros Chonaill, agus aird iomlán á tabhairt ar íogaireachtaí na ngnáthóg féarthailte fliucha mar a léirítear ar Léarscáil V2-N:9.1.*

Caibidil 11 Cur i bhFeidhm, Tábla 11.5 Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún, cuir isteach Cuspóirí Sonrach Láithreáin breise faoi F: Spás Oscailte agus Taitneamhacht mar seo a leanas:

*F (4) Tá na tailte seo ainmnithe chun gnáthóg fhéarthailte fliuch a chaomhnú agus chun saoráid clós súgartha nádúrtha a sholáthar.*

Léarscáil V2-N: 11.1 Criosaithe Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar thailte atá leagtha amach i mbuí le haithint mar 'F (4): Spás Oscailte agus Taitneamhacht'.




**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 19**

Caibidil 6 Tithe agus Pobail, Alt 6.4.1.6, Cuspóirí Sóisialta agus Pobail, cuir isteach cuspóir nua mar a leanas:

***HCO 7.3*** *Tacú le hIonad Óige tiomnaithe nua a fhorbairt ar Bhóthar Áth Garbhán a sholáthraíonn timpeallacht shábháilte, chuimsitheach agus inrochtana do dhaoine óga chun foghlaim, ceangal agus fás.*

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 20**

Caibidil 6 Tithe agus Pobail, Alt 6.4.1.8 Dámha Creidimh, Cuspóirí Saoráide Creidimh, HCO 8.1 a leasú mar a leanas:

**HCO 8.1** Tacú le síneadh Reilig Naomh Conlao agus é a éascú ar thailte atá criosaithe mar 'E: Pobal agus Oideachas díreach ó dheas ón reilig atá ann cheana féin, faoi réir dearadh mionsonraithe agus measúnú comhshaoil, *lena n-áirítear imscrúdú ar leibhéil tábla uisce an láithreáin chun oiriúnacht chun críocha adhlactha a chinneadh.*

# Caibidil 7 Gluaiseacht agus Iompar

## Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 21

Caibidil 7 Gluaiseacht agus Iompar, Alt 7.3.4 Sprioc Deighilt Mhódúil, cuir isteach mír bhreise (an cúigiú) mar a leanas:

> *De réir Dhaonáireamh 2022, taistealaíonn 10.13% de chónaitheoirí ar iompar poiblí chun na scoile nó chun oibre, ach siúlann 18.38% de dhaoine agus rothaíonn 2.29% chun oibre nó chun na scoile. Tá an Creat Beartais Náisiúnta Rothaíochta 2020 (nuashonrú ar feitheamh) ag dréim le 10% de na turais ar fad trí rothaíocht agus tacaíonn an Plean seo leis an uaillmhian sin.*

## Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 22

Caibidil 7 Gluaiseacht agus Iompar, Alt 7.5 Taisteal Gníomhach: Cuspóirí Siúlóide, Tréscaoilteachta agus Rothaíochta, Taistil Ghníomhaigh, Cuspóir MATO 2.1 a nuashonrú mar seo a leanas:

**MATO 2.**1 Tacú le cur chun feidhme na mbeart i Measúnacht Iompair Bunaithe ar ~~Cheantar Dhroichead Nua agus é a éascú, lena n-áirítear iad siúd a shonraítear i~~ dTábla 7.1, Léarscáil 7.1 Iompar agus Gluaiseacht – Bearta Siúil agus Léarscáil 7.2 Iompar agus Gluaiseacht – Bearta Rothaíochta chun gluaiseacht a fheabhsú tríd an lonnaíocht agus aistriú modha iompair ón gcarr príobháideach go modhanna níos inbhuanaithe a chur chun cinn i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile. Beidh na bearta táscacha mar bhunús do thionscadail aonair. Beidh gach tionscadal faoi réir próiseas deartha mionsonraithe, lena n-áirítear measúnacht chomhshaoil agus/nó éiceolaíoch, nuair is infheidhme. Ionchorpróidh gach beart réitigh atá bunaithe ar an dúlra maidir le bainistíocht uisce dromchla *agus tabharfaidh siad aird ar na Treoirlínte um Phleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanála (DoECLG, 2012)* (nó aon chomharba orthu sin) *agus ar cheanglais Fhoilseachán BIÉ*, i gcás inarb ábhartha.

## Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 23

Caibidil 7 Gluaiseacht agus Iompar, Alt 7.5. Taisteal Gníomhach: Siúl, Tréscaoilteacht agus Rothaíocht, cuir an líne seo a leanas ag deireadh an dara mír:

> *I gcomhréir leis an dea-chleachtas, ba cheart cosáin do choisithe agus lánaí rothaíochta a dheighilt nuair is féidir de réir phrionsabail an Lámhleabhair Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (DMURS).*

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 24**

Caibidil 7 Gluaiseacht agus Iompar, Tábla 7.1: Bearta Siúlóide agus Tréimhse Ama Seachadta, bain Siúlóid 2 den tábla seo.

| | | |
|---|---|---|
| ~~Siúlóid 2~~ | ~~Cosán nua ar Fháinne Ros Bearaigh a shíneann chomh fada le Cnoc Ros Bearaigh~~ | ~~Gearr-Meántéarmach~~ |

Tag. Mapa a leasú: V2-N_7.1 Iompar agus Gluaiseacht Bearta Siúlóide chun Siúlóid 2 (a leagtar amach i mbuí) a bhaint:




**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 25**

Caibidil 7 Gluaiseacht agus Iompar, Alt 7.5 Taisteal Gníomhach: Siúl, Tréscaoilteacht agus Rothaíocht, Tábla 7.1 Bearta Siúlóide agus Tréimhse Ama Seachadta a leasú mar seo a leanas:


| Tagairt. Uimh. | Beart | Amchlár Cur Chun Feidhme |
|---|---|---|
| Siúlóid 77 | Glasbhealach M7 ~~/ Glasbhealach Eanach Bhaile Pholaird Beartaithe~~ | Meántéarmach |
| Siúlóid 85 | Ciúinbhealach nua beartaithe ar Lána na Sméar ~~agus Glasbhealach nua beartaithe ar Eanach Bhaile Pholaird.~~ | Gearrthéarmach |

Léarscáil V2-N:7.1 a leasú agus Léarscáil V2-N:7.2 chun Siúlóid 77 agus Siúlóid 85 a bhaint mar atá marcáilte i mbuí mar seo a leanas:

**Bearta Siúlóide - Léarscáil V2-N:7.1**




**Bearta Rothaíochta - Léarscáil V2-N:7.2**




**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 26**

Caibidil 7 Gluaiseacht agus Iompar, Alt 7.5 Taisteal Gníomhach: Siúl, Tréscaoilteacht agus Rothaíocht, Cuspóirí Taistil Ghníomhaigh, cuir isteach cuspóir nua mar seo a leanas:

***MATO 2.X*** *Tacú le trasrian coisithe sábháilte, comharthaíochta nó ardaithe ag Barretstown Lawns agus é a éascú.*

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 27**

Caibidil 7 Gluaiseacht agus Iompar, Tábla 7.2: Seirbhísí Iompair Phoiblí agus Tréimshe Ama Seachadta Táscach, leasú mar seo a leanas:

| Tagairt. Uimh. | Beart | Amchlár Cur Chun Feidhme |
|---|---|---|
| PT 1 | Bealach tosaíochta bus a sholáthar ar an bPríomhshráid. | ~~Fadtéarmach~~ *Meántéarmach* |
| PT 10 | Oibriú i gcomhar le *Foireann Pleanála Seirbhísí Bus Baile an ÚNI agus* le príomhpháirtithe leasmhara eile *chun iniúchadh a dhéanamh ar indéantacht* ~~seirbhís bus baile i nDroichead Nua a dhearadh agus a chur i bhfeidhm~~. Chomh maith leis sin, a chinntiú go soláthraíonn an tseirbhís bus seo rochtain uilíoch agus go gcuireann sí riachtanais daoine faoi mhíchumas intleachtach san áireamh. T*á* ~~bealach~~ *táscach* féideartha beartaithe don tseirbhís bus baile seo, a nascfaidh na háiteanna is mó a bhfuil tóir ag turasóirí orthu. | ~~Fadtéarmach~~ *Meántéarmach* |

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 28**

Caibidil 7 Gluaiseacht agus Iompar, Cuspóirí Taistil Ghníomhaigh Cuspóir MATO 2.3 a leasú mar seo a leanas:

**MATO 2.3** Dul i dteagmháil le hIarnród Éireann agus le gach úinéir talún ábhartha chun glasbhealaí a chur i bhfeidhm ó thuaidh ón líne iarnróid agus feadh bhruach thiar na Life, mar a shonraítear i Léarscáileanna 7.1 agus 7.2, faoi réir dearadh innealtóireachta mionsonraithe *(ag cinntiú nach gcuireann bealach an ghlasbhealaigh bac ar sholáthar féideartha líne iarnróid ceithre rian amach anseo)*, Measúnú Tionchair Timpeallachta (MTT) agus Measúnú Cuí (MC).

Caibidil 7 Gluaiseacht agus Iompar, Tábla 7.1 Bearta Siúlóide agus Tréimhse Ama Seachadta, leasú mar a leanas:

| Tagairt. Uimh. | Beart | Amchlár Cur Chun Feidhme |
|---|---|---|
| Siúlóid 78 | Glasbhealach na Líne Traenach Beartaithe *(ar aon dul le Cuspóir MATO 2.3)* | Meántéarmach |

Caibidil 7 Gluaiseacht agus Iompar, Cuspóirí Iompair Phoiblí, cuir isteach cuspóir breise mar seo a leanas:

***MATO 3.9*** *Tacú le hIarnród Éireann agus é a éascú chun an líne iarnróid a leathnú i gcomhréir leis an Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin, lena n-áirítear líne iarnróid ceithre rian a sholáthar sa Droichead Nua mar chuid den ghréasán iarnróid níos leithne.*

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 29**

Caibidil 7 Gluaiseacht agus Iompar, Alt 7.6.2 Bus, an téacs na habairte deiridh a leasú mar a leanas:

Dá réir sin, tá Cuspóir MATO 3.4 sa Phlean ina bhféachtar le dul i dteagmháil go gníomhach leis an ÚNI chun na feabhsuithe aitheanta ar an líonra seirbhísí bus áitiúil i nDroichead Nua a chur i bhfeidhm, *agus tá togra táscach maidir le lúbbhealach bus baile mar* ~~a~~ léirítear ar Léarscáil 7.3 Iompar agus Gluaiseacht – Iompar Poiblí.

Caibidil 7 Gluaiseacht agus Iompar, Cuspóir MATO 3.4 a leasú mar seo a leanas:

**MATO 3.4** Tacú agus éascaíocht a dhéanamh don Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) maidir le ~~lúbbhealach bus a sheachadadh~~ *ar sheirbhís bus baile mar aon le bonneagar coimhdeach (lena n-áirítear áiseanna idirstad agus slánúcháin) ag láithreacha cuí* ~~Léarscáil 7.3 Iompar agus Gluaiseacht – Iompar Poiblí~~, chun freastal ar an mbaile atá ann cheana féin agus ar cheantair atá ag leathnú i nDroichead Nua, lena n-áirítear i mBaile Riocaird, Cúirt Choirnéil*,* ~~agus~~ Connail Mhór, *Baile Chrotáin, Eastát Tionsclaíoch an Droichid Nua agus Limistéar Straitéiseach Fostaíochta Chonnail Bheag*.

Léarscáil V2-N:7.3 Iompar agus Gluaiseacht – Bearta Iompair Phoiblí, an téacs san scríbhinn a leasú mar seo a leanas:

Lúbbhealach bus baile ~~Tascach~~ atá *beartaithe*

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 30**

Caibidil 7 Gluaiseacht agus Iompar, Cuspóirí Iompair Phoiblí, téacs Cuspóir MATO 3.5 a leasú mar seo a leanas:

**MATO 3.5** Tacú le hIarnród Éireann Stáisiún Traenach Dhroichead Nua a fhorbairt tuilleadh agus é a éascú dóibh, lena n-áirítear bonneagar tacaíochta coimhdeach *(lena n-áirítear seomra feistis agus leithreas)* a fheabhsaíonn eispéireas an úsáideora ó thaobh foscaidh, rochtain uilíoch agus páirceála de, faoi réir breithnithe pleanála agus comhshaoil.

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 31**

Caibidil 7 Gluaiseacht agus Iompar, Alt 7.7 Bonneagar Bóthair, cuir mír nua san áireamh mar a leanas:

**7.7 Bonneagar Bóithre**

*Sonraítear go soiléir sa Chreat Náisiúnta um Infheistíocht in Iompar (2021) gur cheart tosaíocht a thabhairt d’infheistíocht bhreise ar mhodhanna taistil inbhuanaithe thar bhonneagar bóithre nua. Dá réir sin, beidh gá le réasúnaíocht taistil inbhuanaithe shoiléir a léiriú bhforbairt bonneagar bóithre amach anseo. Aithnítear an Straitéis Bóithre NABTA an riachtanas beartais seo agus féachtar lena chinntiú, chomh maith le rochtain ríthábhachtach a sholáthar ar limistéir forbartha nua, go gcomhtháthóidh bóithre nua roghanna taistil inbhuanaithe ardchaighdeáin a chuireann chun cinn agus a fheabhsaíonn nascacht agus tréscaoilteacht laistigh den bhaile níos leithne, rud a chuidíonn le coincheap lonnaíochta 10 nóiméad a sheachadadh. I ndáil leis seo, tá an Straitéis Bóithre deartha chun comhtháthú go hiomlán le Straitéisí Taistil Ghníomhaigh agus Iompair Phoiblí NABTA. Ina theannta sin, tá beart iompair phoiblí PT 1, ina moltar bealach tosaíochta bus a ionchorprú ar an bPríomhshráid, nasctha le seachadadh beart PT 10, a bhaineann le soláthar seirbhíse bus sa bhaile thar an ngearrthéarma go meántéarma. Tá na bearta seo nasctha freisin le forbairt Chuarbhóthar Theas an Droichid Nua a bheartaítear a sheachadadh thar an ghearrthéarma go meántéarma. Tá sé seo i gcomhréir le beart ROAD9 de Straitéis Iompair GDA an ÚNI 2022-2042 ina ndéantar foráil maidir le seachadadh cuar-bhealaí a bheith ‘ag gabháil le háiseanna feabhsaithe iompair phoiblí, rothaíochta agus coisithe san ionad ábhartha, agus iad a éascú’.*

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 32**

Caibidil 7 Gluaiseacht agus Iompair, Cuspóirí Bóthair agus Páirceála Cuspóir MATO 4.1 a leasú mar seo a leanas:

**MATO 4.1** *(a)* Éascú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbeart bóithre agus páirceála a leagtar amach i dTábla 7.~~3~~*4* agus ar Léarscáil Iompar agus Gluaiseacht – Bearta Líonra Bóithre agus i dTábla 7~~.4~~*.5* agus ar Léarscáil 7.5 Iompar agus Gluaiseacht – Bearta Páirceála, i gcomhréir le caighdeáin LDBSU do bhóithre agus sráideanna uirbeacha agus *faoi réir scagthástála Measúnaithe Cuí (MC) agus, i gcás inarb infheidhme, Céim 2 de Mheasúnú Cuí.* ~~N~~uair is gá, na bealaí bóthair sainaitheanta a chaomhnú chun na mbóithre atá beartaithe a chur i gcrích sa todhchaí. Beidh réitigh nádúrbhunaithe maidir le huisce dromchla a bhainistiú mar chuid de na bearta uile.

*(b) Comhlíonfaidh gach beart bóthair atá beartaithe (i gcás inarb ábhartha) forálacha Bheart ROAD1 – Prionsabail um Fhorbairt*

*Bóithre agus Beart ROAD9 – Beartas Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla de chuid Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2022-2042.*

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 33**

Caibidil 7 Gluaiseacht agus Iompar, Alt 7.7.1 Bearta Bóthair, Tábla 7.3a leasú mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| RD 2B | Nasc bóthair nua beartaithe idir Bóthar Bhaile Mhaine go Bóthar na Faiche – nasc le Bóthar na Faiche (comhcheanglaíonn sé le beart tiomnaithe 2A chun an nasc le Bóthar na Faiche a dhéanamh) | ~~Meántéarmach~~ *Gearrthéarmach* |

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 34**

Caibidil 7 Gluaiseacht agus Iompar, Alt 7.7.2 Bearta páirceála, MATO 4.3 a leasú mar seo a leanas:

**MATO 4. 3** Tacú le cur chun feidhme na mbeart páirceála gluaisteán is fearr agus é a éascú, mar a leagtar amach ar Léarscáil Map 7.5 Iompar agus Gluaiseacht – Bearta Páirceála. *Ba cheart go mbreithneodh tograí maidir le páirceáil ar mhórscál, ar an gcéad dul síos, limistéir ilstórach nó faoi thalamh. Ní dhéanfar páirceáil gluaisteán ar dhromchla ar mhórscála a bhaineann le forbairtí i lár na cathrach a dhíspreagadh, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla*.

## Caibidil 8 Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíocht

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 35**

Cuir isteach cuspóir nua Taifead na Struchtúr Cosanta i gCaibidil 8 Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíocht, Alt 8.2, mar seo a leanas:

*Taifead ar Chuspóirí Struchtúr Cosanta*
*Is cuspóir de chuid Chomhairle Contae Chill Dara é:*

**BHO 2.1** *Déan measúnú ar na Geataí Uisce, an Seomra Léitheoireachta/Áineasa ar shuíomh Bhord na Móna agus ar Dhroichead Pinkeen, chun breithniú a dhéanamh ar fhiúntas an struchtúr/na struchtúir a chur le Taifead na Struchtúr Cosanta in Aguisín 6 den Phlean faoi réir sainaithint spéise ailtireachta, stairiúla, seandálaíochta, ealaíonta, cultúrtha, eolaíochta, sóisialta nó teicniúla speisialta mar a cheanglaítear faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).*

**Tabhair do d'aire:** athróidh sé seo uimhriú na gcuspóirí ina dhiaidh sin i gCaibidil 8.

## Caibidil 9 Bonneagar Glas agus Gorm

Níl aon athruithe ábhair beartaithe.

## Caibidil 10 Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 36**

Caibidil 10 Seirbhísí Bonneagar agus Comhshaoil, Alt 10.2 Soláthar Uisce agus Fuíolluisce, Cuspóirí Uisce agus Fuíolluisce, cuir isteach cuspóir breise mar a leanas:

***IEO 1.4*** *Tacú le hUisce Éireann chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cothabhála a bhaineann le líonra séarachais phoiblí i gceantar Pháirc Dara.*

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 37**

Caibidil 10 Seirbhísí Bonneagar agus Comhshaoil, Alt 10.2 Soláthar Uisce agus Fuíolluisce, Cuspóirí Uisce agus Fuíolluisce, cuir isteach cuspóir breise mar a leanas:

***IEO 1.5*** *Téigh i gcomhairle le Uisce Éireann agus le BSL sula gcuirfear aon oibreacha nó forbairt shuntasacha sa réimse poiblí i bhfeidhm laistigh de Láithreán Neartaithe Lonnaíochta Lár-Dhroichead Nua chun tionchair ar bhonneagar uisce agus fuíolluisce atá ann cheana féin nó atá beartaithe a sheachaint agus/nó a mhaolú.*

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 38**

Caibidil 10 Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil, Alt 10.3.2 Cuspóirí Screamhuisce agus Uisce Dromchla Cuspóir a leasú IEO 2.3 mar seo a leanas:

***IEO 2.3*** *Limistéir atá léirithe mar Limistéir Bhainistíochta Nádúr-Bhunaithe (LBNBanna) ar Léarscáil 10.1 a chinntiú: Seirbhísí Bonneagair agus Comhshaoil – Straitéis Bainistíochta Uisce Dromchla curtha ar leataobh saor ó fhorbairt agus comhtháite i dtograí dearaidh chun críocha draenála uisce dromchla nádúr-bhunaithe, faoi réir scagthástála Measúnaithe Cuí (MC) agus, i gcás inarb infheidhme, Céim 2 den Mheasúnú Cuí.*

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 39**

Caibidil 10 Seirbhísí Bonneagar agus Comhshaoil, Alt10.4 Bainistíocht Riosca Tuilte, cuir isteach mír bhreise ag deireadh na hailt mar a leanas:

> *'Tugtar faoi deara go bhfuil sainaithint agus mapáil riosca tuilte mar a léirítear i Mapáil Crios Tuilte Abhann CFRAM faoi réir athraithe, ag brath ar athbhreithniú a rinne an OOP ar Mhapáil CFRAM agus ar shonraí gaolmhara. Forbraíodh an MSRT ag baint úsáide as an bhfaisnéis is fearr a bhí ar fáil tráth a fhoilsithe. Mar sin féin, ba cheart do gach iarratas pleanála a dhéantar le linn shaolré an phlean aird chuí a thabhairt ar an eolas tuilte is déanaí atá ar fáil, lena n-áirítear léarscáiliú tuilte a d'fhéadfadh a bheith foilsithe tar éis fhoilsiú an MSRT.'*

Léarscáil V2-N:10.2 Measúnú Straitéiseach ar Riosca Tuilte agus Léarscáil V2-N:10.2a MSRT le Fo-leagan Criosaithe Úsáide Talún cuir isteach nóta mar seo a leanas:

> *Tá sainaithint agus mapáil riosca tuilte mar a léirítear i Mapáil Crios Tuilte Abhann CFRAM faoi réir athraithe, ag brath ar athbhreithniú a rinne an OOP ar Mhapáil CFRAM agus ar shonraí gaolmhara. Forbraíodh an MSRT ag baint úsáide as an bhfaisnéis is fearr a bhí ar fáil tráth a fhoilsithe. Mar sin féin, ba cheart do gach iarratas pleanála a dhéantar le linn shaolré an phlean aird chuí a thabhairt ar an eolas tuilte is déanaí atá ar fáil, lena n-áirítear léarscáiliú tuilte a d'fhéadfadh a bheith foilsithe tar éis fhoilsiú an Phlean agus MSRT.*

## Caibidil 11 Cur i bhfeidhm

### Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 40

Caibidil 11 Cur i bhFeidhm, Tábla 11.1 Achoimre Dearaidh PLF Chonnail Mhór, arna leasú mar seo a leanas:

**Table 11.1** Achoimre Dearaidh PLF Chonnail Mhór

| **Achar an tSuímh:** | ~~14.9~~ *15.5* heicteár (C3: Tailte Cónaithe nua) |
|---|---|
| **Foirm Thógtha agus Struchtúr Uirbeach**<br>Ba cheart go bhféachfadh an fhoirm thógtha le comhtháthú iomlán a dhéanamh le Mainéar Wellesley; an t-eastát cónaithe seanbhunaithe atá suite díreach ar an taobh ó thuaidh de na tailte. Ba cheart foirm uirbeach a dhearadh timpeall ar ghnéithe an bhonneagair ghlais agus ghoirm atá ann cheana féin, *agus aird á tabhairt freisin ar thorthaí an Mheasúnaithe ar Riosca Tuilte atá Sonrach don Suíomh, agus atá ag teastáil.* ~~agus ba cheart go mbeadh sí tréscaoilteach agus intuigthe araon~~. ~~Chun é seo a chumasú~~, ba cheart go mbeadh méid na mbloc sráide, chomh fada agus is indéanta, 80-120 méadar ó thaobh méide de (de réir Threoirlínte LDBSU) *chun tréscaoilteacht agus inléiteacht a chumasú*. Teastaíonn meascán de chineálacha agus stíleanna tithíochta chun intuigtheacht agus éagsúlacht a chruthú sa timpeallacht uirbeach. Beidh aghaidheanna déacha mar chuid den fhoirm thógtha ar shuímh choirnéil. Ba cheart go mbeadh imeall láidir foirgnimh ag baint le spásanna glasa agus go mbeadh radharc orthu chun maoirseacht éighníomhach agus inléiteacht a sholáthar. Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo do phríomhghnéithe taitneamhachta amhail Limistéar Ilúsáide Cluichí (LIC) agus gach clós súgartha laistigh den PLF. | |
| **Bonneagar Glas agus Gorm, Spásanna Oscailte agus Draenáil Uisce Dromchla**<br><br>(cuir isteach i ndiaidh an chúigiú alt)<br><br>*De réir Léarscáil 10.2 agus Léarscáil 10.2, beidh Measúnú Riosca Tuilte a bhaineann go sonrach leis an Suíomh ag teastáil. Maidir leis seo, molfar úsáidí atá comhoiriúnach le huisce do na ceantair atá i mbaol tuilte.* | |

### Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 41

Caibidil 11 Cur i bhFeidhm, Tábla 11.1 Achoimre Dearaidh PLF Chonnail Mhór, cuir isteach téacs breise i ndiaidh mhír a trí mar a leanas:

*Spás Oscailte Poiblí ar thailte atá criosaithe F: D'fhéadfadh Spás Oscailte agus Taitneamhacht atá mar chuid chomhtháite den fhorbairt chónaithe PLF seo cur leis an soláthar spáis oscailte poiblí 15% d'achar an tsuímh, mar a fhoráiltear faoi Alt 15.6.6 den Phlean Forbartha, faoi réir spás oscailte inúsáidte atá dea-shuite a sholáthar.*

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 42**

Caibidil 11 Cur i bhFeidhm, Tábla 11.3 Sceideal Cur i bhFeidhm agus Seachadta Bonneagair – Lár Dhroichead Nua agus Tailte Cónaithe Nua, a leasú mar seo a leanas:

| Draenáil Uisce Dromchla | | |
|---|---|---|
| ~~Ba cheart conairí sreafa agus fairsinge tuilte laistigh de mhapáil Cásanna Ardleibhéil Amach Anseo a sheachaint le haghaidh forbairt agus a ionchorprú i dtírdhreachú.~~ Ba cheart go gcinnteodh aon scéim nasc leis an líonra uisce dromchla atá ann cheana féin. Tá an suíomh teoranta do rátaí rith chun srutha láithreán úrnua cuí. Ba cheart aon uisce dromchla breise a choinneáil laistigh den suíomh. | I gcomhar leis an bhforbairt nua. | Forbróir |

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 43**

Caibidil 11 Cur i bhFeidhm, Tábla 11.3 Sceideal Cur i bhFeidhm agus Seachadta Bonneagair – Lár Dhroichead Nua agus Tailte Cónaithe Nua, na trí alt seo a leanas a bhaineann le tailte Céim 2 de Chónaithe Nua Dhroichead Nua Thuaidh a leasú mar seo a leanas:

| Cp2 (1): Céim 2 – Cónaithe Nua | | |
|---|---|---|
| **Bonneagar Riachtanach** | **Sceideal Cur Chun Feidhme** | **Foinsí Maoinithe** |
| Gluaiseacht agus Taisteal Gníomhach | | |
| Nasc bóthair nua ó Bhaile Mhuiris (L7036) go dtí an R416 Bóthar Bhaile an Mhuilinn *(RD 4)* mar atá sainaitheanta ar Léarscáil 7.4 agus ~~RD 4~~ ar Thábla 7.~~4~~*3*. *Bearta taistil ghníomhacha gaolmhara a bhaineann le RD4.* | ~~Fadtéarmach –~~ Nasctha le forbairt atá ar siúl agus ag tacú le cuarbhóithre. | CCCD / ~~ÚNI~~ */ Forbróir* |

| Cp2 (2): Céim 2 – Cónaithe Nua | | |
|---|---|---|
| **Bonneagar Riachtanach** | **Sceideal Cur Chun Feidhme** | **Foinsí Maoinithe** |
| Gluaiseacht agus Taisteal Gníomhach | | |
| Cosán *nua* ar Bhóthar Bhaile an Mhuilinn a shíneann chomh fada le Páirceanna CLG Pháirc Ghort an tSeabhaic/Manguard *(Siúlóid 3)* mar atá leagtha amach ar Léarscáil 7.1 agus ~~Beart Siúlóide 3~~ ar Thábla 7.1. *Nasc bóthair nua ó Bhaile Mhuiris (L7036) go dtí an R416 Bóthar Bhaile an Mhuilinn (RD 4) mar atá sainaitheanta ar Léarscáil 7.4 agus ar Thábla 7.3. Bearta taistil ghníomhacha gaolmhara a bhaineann le RD4.* | Gearr-Meántéarmach<br><br>*Nasctha le forbairt atá ar siúl agus ag tacú le cuarbhóithre*. | CCCD / Forbróir |

| Cp2 (3): Céim 2 – Cónaithe Nua | | |
|---|---|---|
| **Bonneagar Riachtanach** | **Sceideal Cur Chun Feidhme** | **Foinsí Maoinithe** |
| Gluaiseacht agus Taisteal Gníomhach | | |
| ~~Nasc bóthair nua ó Bhaile Mhuiris (L7036) go dtí an~~ | ~~Fadtéarmach –~~ Nasctha le forbairt atá | CCCD / ÚNI |

| | | |
|---|---|---|
| ~~R416 Bóthar Bhaile an Mhuilinn mar atá sainaitheanta ar Léarscáil 7.4 agus Beart Bóthair RD 4 ar Thábla 7.4.~~ *Cosán nua ar Bhóthar Bhaile an Mhuilinn a shíneann chomh fada le Páirceanna CLG Pháirc Ghort an tSeabhaic/Manguard (Siúlóid 3) mar atá leagtha amach ar Léarscáil 7.1 agus ar Thábla 7.1.* | ar siúl agus ag tacú le cuarbhóithre. | |

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 44**

Caibidil 11 Achoimre Dearaidh PLF Chonnail Mhór, Alt 11.3 Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún, Tábla 11.5 a leasú: Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| **Q** | **Fiontraíocht agus Fostaíocht** | **Chun meascán cuí d'úsáidí fostaíochta a sholáthar agus a éascú, lena n-áirítear tionscal oifigbhunaithe, aonaid fiontraíochta agus gorlainne, gnó, eolaíocht agus teicneolaíocht agus úsáidí institiúideacha.**<br><br>Is é is cuspóir don chriosú seo freastal ar cheanncheathrú Rásaíocht Capall Éireann agus cnuasach tionscal oifigbhunaithe eile a cheadú. atá sainiúil don tionscal eachaí. |

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 45**

Caibidil 11 Cur i bhFeidhm, Alt 11.3, Tábla 11.5 a leasú Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún, chun 'Úsáid' breise a chur isteach sa tábla mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| ***CS*** | ***Cúlchiste Straitéiseach (Cónaitheach agus Pobail)*** | ***Chun sláine na dtailte a chosaint chun soláthar a dhéanamh d'fhorbairt chónaithe agus d'áiseanna pobail amach anseo le haghaidh leathnú straitéiseach an bhaile, thar thréimhsí pleanála amach anseo agus chun a chinntiú go gcuirfear i gcoinne aon fhorbairt a dhéanfadh dochar do leathnú ordúil an bhaile amach anseo.*** |

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 46**

Caibidil 11 Cur i bhFeidhm, Alt 11.3 Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún, cuir isteach tábla nua i ndiaidh Tábla 11.5: Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún mar seo a leanas:

***Tábla 11.6:** Maitrís Chriosaithe – Sainmhíniú ar Théarmaí*

| ***Téarma*** | ***Sainmhíniú*** |
|---|---|
| *Maitrís Chriosaithe* | *Féadfar úsáidí seachas an phríomhúsáid a bhfuil limistéar criosaithe ina leith a cheadú ar choinníoll nach bhfuil siad i gcoimhlint ar an bpríomhchuspóir criosaithe úsáide. Léiríonn an Maitrís Chriosaithe (Féach Tábla 11.7) raon úsáidí talún mar aon le léiriú ar a nglacthacht leathan i ngach ceann de na criosanna úsáide talún. Tá sé mar aidhm ag maitrís chriosaithe úsáide talún treoir a thabhairt d'úinéirí talún agus d'fhorbróirí agus níl sé beartaithe an próiseas pleanála gnáth a chur ina áit. Níor cheart léiriú go mbeadh togra 'ceadaithe i bprionsabal' ón maitrís a ghlacadh le tuiscint go ndeonófaí cead, nó go deimhin go bhféadfadh sé go n-éireodh le hiarratas pleanála.* |
| *Ceadaithe i bPrionsabal (Y)* | *Tá úsáidí talún atá ainmnithe faoi gach cuspóir criosaithe mar 'Ceadaithe i bPrionsabal' inghlactha go ginearálta, faoi réir chomhlíonadh na gcuspóirí sin atá leagtha amach i gcaibidlí eile den Phlean Lonnaíochta seo agus na mbeartas, na cuspóirí agus na gníomhartha in Imleabhar 1 de Phlean Forbartha Contae Chill Dara 2023 – 2029 (arna athrú).* |
| *Oscailte lena mBreithniú (O)* | *Is éard atá in úsáidí talún a thaispeántar mar úsáidí 'Oscailte lena mBreithniú' úsáidí nach meastar a bheith inghlactha i bprionsabal i ngach cuid den chrios úsáide ábhartha. Mar sin féin, d'fhéadfadh úsáidí den sórt sin a bheith inghlactha i gcúinsí ina bhfuil an Chomhairle sásta nach mbeadh an úsáid atá beartaithe i gcoimhlint leis na cuspóirí ginearálta don chrios agus leis na húsáidí ceadaithe nó atá ann cheana féin, chomh maith le bheith chun leasa phleanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair.* |
| *Ní Cheadaítear De Ghnáth (N)* | *Is úsáidí iad úsáidí talún a léirítear mar 'Ní Cheadaítear De Ghnáth' sa Mhaitrís Chriosaithe Úsáide Talún (féach Tábla 11.7) nach gceadófar, ach amháin i gcúinsí an-eisceachtúla agus inar féidir a léiriú agus a chosaint nach sáraíonn an fhorbairt Treoirlínte Aireachta Alt 28. D'fhéadfadh sé seo a bheith mar gheall ar an éifeacht a fheictear dó ar úsáidí atá ann cheana agus atá ceadaithe, mar gheall ar a neamhréireacht leis na cuspóirí atá sa Phlean seo nó mar gheall go bhféadfadh sé a bheith ar neamhréir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.* |

| | |
|---|---|
| *Úsáidí Eile* | *Breithneofar úsáidí talún atá beartaithe nach bhfuil liostaithe sa mhaitrís ar fhiúntais an iarratais phleanála aonair, ag tagairt don úsáid is oiriúnaí dá samhail a léirítear sa tábla agus i ndáil leis na beartais ghinearálta agus na cuspóirí criosaithe don cheantar.* |
| *Úsáidí Neamhchomhréireacha* | *Ní bheidh úsáidí seanbhunaithe atá ann cheana agus atá ar neamhréir leis an bpríomhchuspóir criosaithe, i gcás ina bhfuil siad bunaithe go dleathach trí úsáid leanúnach chun na críche céanna roimh an 1 Deireadh Fómhair 1964 nó trí chead pleanála, faoi réir imeachtaí dlíthiúla faoin Acht maidir lena n-úsáid leanúnach. I gcás ina mbeartaítear síneadh nó feabhsuithe ar áitreabh a fhreastalaíonn ar na húsáidí sin, breithneofar gach ceann acu ar a fhiúntas féin i gcomhréir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe na ceantair.* |
| *Ceantair Idirthréimhseacha* | *Cé go léiríonn na cuspóirí criosaithe na húsáidí éagsúla a cheadaítear i ngach crios, tá sé tábhachtach athruithe tobann i scála agus in úsáid ag teorainn na gcriosanna úsáide talún tadhlach a sheachaint. Sna ceantair seo, is gá forbairtí a dhéanfadh dochar don taitneamhacht a sheachaint. I gcriosanna atá teoranta le limistéir chónaithe, tabharfar aird ar leith ar úsáidí, scála, dlús agus cuma tograí forbartha agus ar thograí tírdhreachaithe agus scagtha chun taitneamhachtaí maoine cónaithe a chosaint. De ghnáth, éascóidh forbairt atá teoranta le taitneamhachta agus spás oscailte maoirseacht éighníomhach ar an spás sin, trí aghaidh a thabhairt air nuair is féidir.* |

**Tabhair do d’aire:** beidh leasuithe iarmhartacha ar uimhriú táblaí mar thoradh air seo.

## Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 47

Caibidil 11 Cur i bhFeidhm, Tábla 11.6: Maitrís Chriosaithe Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar áiseanna pobail agus/nó foirgnimh spóirt go Y: Ceadaithe i bPrionsabal laistigh de thailte atá criosaithe ‘L: Caitheamh Aimsire agus Turasóireacht’.

| ÚSÁI | A | E | C | R | F: | H | I: | L: | Ú | N | C | C | R | Ú | U |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Áiseann a pobail agus/nó Foirgni mh spóirt | Y | Os c | Os c | Tá [2] | Osc [3] | Níl | Níl | ~~N~~Y | Y | Níl | Níl | Níl | Y | Os c | Níl |

Caibidil 11 Cur i bhFeidhm, Tábla 11.6 Maitrís Chriosaithe Úsáide Talún, cuir fonóta nua san áireamh do na 'háiseanna Pobail agus/nó d'Fhoirgnimh Spóirt' Úsáid Talún mar seo a leanas:


> ***Fonóta:*** *D'fhéadfadh úsáidí amhail giomnáisiam, ionaid aclaíochta, áiseanna ealaíona chomhraic, stiúideonna damhsa, stiúideonna ioga/pilates a bheith i 'bhfoirgnimh spóirt' freisin.*

[2] Ní cheadaítear ach i bprionsabal ar shuímh atá criosaithe mar E (3): Pobal agus Oideachas' agus 'E (5): Pobal agus Oideachas'. Féach Cuspóir HCO 7.1 faoi Chuid 6.4.1.6 a thacaíonn le hionaid/hallaí pobail chuig na tailte sin.
[3] Ní féidir é a bhreithniú ach amháin ar thailte atá criosaithe mar 'F(1), F(2) agus F(3): Spás Oscailte'. Féach Cuspóirí HCO 6.1 agus HCO 6.2 faoi Chuid 6.4.1.5 a thacaíonn le háiseanna spóirt.

# Aguisín A Léarscáileanna

## Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 48


Léarscáil V2-N:7.1 Bearta Siúlóide Iompair agus Gluaiseachta, cuir isteach nasc taistil gníomhach trí shuíomh Bhord na Móna. Bealaí aistrithe atá leagtha amach i ndubh ó Léarscáil V2-N:7.2 Bearta Iompair agus Gluaiseachta ar Rothaíocht go Léarscáil Tagairt V2-N:7.1 - Bearta Siúlóide Iompair agus Gluaiseachta.




Léarscáil V2-N:7.2 a leasú Bearta Rothaíochta Iompair agus Gluaiseachta (féach an íomhá thuas) tríd an rotharbhealach ó shuíomh Bhord na Móna a athainmniú mar nasc taistil gníomhach. Mar thoradh air sin, déanfar leasú iarmhartach ar an inscríbhinn.


## Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 49

Léarscáil a leasú. Tagairt. V2-N:7.2 Bearta Rothaíochta Iompair agus Gluaiseachta chun an beart rothaíochta atá beartaithe ar an mbóthar tánaisteach trí Roseberry Hill atá leagtha amach i mbuí a bhaint.





**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 50**

Tag. Mapa a leasú: V2-N:9.1 Bonneagar Glas agus Gorm, lena n-áirítear crainnlínte a chur leis ar gach taobh den R416 i mBaile an Bhreatnaigh mar atá léirithe i mbuí mar seo a leanas:





**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 51**


Tag. Mapa a leasú: V2-N:10.2 Straitéis Bainistíochta Uisce Dromchla Bonneagair agus Seirbhísí Comhshaoil, chun an dá Limistéar Bainistíochta Bunaithe ar an Dúlra atá léirithe thíos a bhaint.





**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 52**


Athsholáthair Tag. Mapa: V2-N:10.2 Measúnú Straitéiseach ar Riosca Tuilte, le léarscáil athbhreithnithe a léiríonn fairsinge tuilte 'An Lá Inniu' CFRAM.






Athsholáthair Tag. Mapa: V2-N:10.2a MSRT le Fo-leagan Criosaithe Úsáide Talún, le léarscáil athbhreithnithe a léiríonn fairsinge tuilte ‘An Lá Inniu’ CFRAM.







**Tabhair do d'aire:** tá cóipeanna ardtaifigh de na léarscáileanna athsholáthair seo suite in Aguisín 1.

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 53**

Tag. Mapa a leasú: V2-N:11.1 Criosaithe Úsáide Talún, thart ar 0.71 heicteár (mar atá leagtha amach i mbuí) de 'F: 'Spás Oscailte agus Taitneamhacht' go C: Cónaithe Nua mar seo a leanas:




**Tabhair do d'aire:** léiríonn an íomhá thíos an criosú úsáide talún athraithe i gConnail Mhór sa chás go nglacfar le hAthrú Ábhair Beartaithe Uimh. 53.



**Tabhair do d'aire:** seo a leanas leasuithe iarmhartacha ar Chreat Dearaidh Uirbí PLF Chonnail Mhór mar thoradh ar an athrú criosaithe úsáide talún atá beartaithe.


Caibidil 11 Cur i bhFeidhm, Fíor 11.1: Creat Dearaidh Uirbí PLF Chonnail Mhór, scrios an ceann atá ann cheana agus cuir creat athbhreithnithe ina áit, chun mapáil an chrios tuilte an lá inniu a chur san áireamh seachas mapáil an cháis ardleibhéil don todhchaí mar seo a leanas (tabhair faoi deara le do thoil go gceadaíonn sé dhá bhloc cónaithe táscacha níos mó díreach ó thuaidh ón droichead ceadaithe):




CONNELL DRIVE
BARODA COURT
RIVER COURT
WELLESLEY MANOR
Active Modes Bridge (Measure PERM 87)
Urban Neighbourhood Park (indicative layout)
RYSTON CLOSE
Car Park
River Liffey
Greatconnell Road
BELIN WOODS
KILBELIN DRIVE
Kilcullen Road
0m
100m
200m
Key
Newbridge Southern Ring Road
Local route
Key pedestrian/cyclist connection
Residential block
Key building frontage
Playground
Multi-Use Games Area
Open space linked to residential scheme
Existing green infrastructure
Soft landscaping measures
Neighbourhood Centre
Nature-Based Management Area
Indicative walking/wheeling paths
Indicative community and changing facility

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 54**

Tag. Mapa: V2-N:11.1 Criosaithe Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar ailíniú Chuarbhóthar Theas Dhroichead Nua laistigh den limistéar atá aibhsithe i mbuí thíos:





**Tabhair do d'aire:** léiríonn an líne poncaithe buí san íomhá thíos ailíniú leasaithe Chuarbhóthar Theas Dhroichead Nua sa chás go nglacfar le hAthrú Ábhair Beartaithe Uimh. 54.




**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 55**

Tag. Mapa: V2-N:11.1 Criosaithe Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar thart ar 0.11 heicteár talún atá criosaithe mar gCp2 (3) Cónaithe Nua Céim 2 go 'I: Talmhaíocht' mar a shainaithnítear sa ghoir dubh mar seo a leanas:





**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 56**

Tag. Mapa: V2-N:11.1 Criosaithe Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar thart ar 0.46 heicteár talún atá criosaithe mar 'Cp2 (3) Cónaithe Nua - Céim 2' go 'I: Talmhaíocht' mar a shainaithnítear sa ghoir dubh mar seo a leanas:




**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 57**

Tag. Mapa: V2-N:11.1 Criosaithe Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar thart ar 0.25 heicteár talún atá criosaithe mar 'Cp2 (3): Cónaithe Nua – Céim 2' go 'I: Talmhaíocht' mar a shainaithnítear sa ghoir dubh mar seo a leanas:





**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 58**

Tag. Mapa: V2-N:11.1 Criosaithe Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar thart ar 0.9 heicteár talún atá criosaithe mar 'CS: Cúlchiste Straitéiseach' go 'Cp2 (2) Cónaithe Nua Céim 2' mar a shainaithnítear i mbuí mar seo a leanas:





**Tabhair do d'aire:** léiríonn an íomhá thíos an criosú úsáide talún athraithe sa Droichead Nua Thuaidh sa chás go nglacfar le hAthrú Ábhair Beartaithe Uimh. 55, 56, 57 agus 58.



**Tabhair do d'aire:** seo a leanas leasuithe iarmhartacha ar Chreat Dearaidh Uirbigh PLF Droichead Nua Thuaidh mar thoradh ar na hathruithe criosaithe úsáide talún atá beartaithe sa chás go nglacfar le hAthrú Ábhair Beartaithe Uimh. 55, 56, 57 agus 58.

Caibidil 11 Cur i bhFeidhm, Alt 11.1.2 bain Fíor 11.2 Creat Dearaidh Uirbigh PLF Droichead Nua Thuaidh (bosca dearg) agus cuir Creat Dearaidh Uirbigh athbhreithnithe (bosca glas) ina áit mar seo a leanas:





Milltown Road
Community Centre
Car Park
Muncipal Sports Facility (indicative layout)
Post-Primary School Site
STATION WALK
Station Road
SARSFIELDS GAA CLUB
ST MARK'S SPECIAL SCHOOL
THE MEADOWS
Train Station 350 metres
Quietway connection
Blackberry Lane
0m
100m
200m
Key
Proposed road (Measure RD 4)
Local route / access to parking
Pedestrian/cyclist connections
Residential block
Key building frontage
Playground
Strategic open space
Existing green infrastructure
Soft landscaping measures
Walking/wheeling path

**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 59**


Tag. Mapa a leasú V2-N:11.1 Criosaithe Úsáide Talún leis na hathruithe seo a leanas mar atá leagtha amach sa tábla thíos:

| Dréachtphlean Lonnaíochta Dhroichead Nua | | Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 59 | |
|---|---|---|---|
| Cuspóir Criosaithe Úsáide Talún | Limistéar i Heicteáir | Cuspóir Criosaithe Úsáide Talún | Limistéar i Heicteáir |
| F: Spás Oscailte agus Taitneamhacht (maolán tailte tadhlacha criosaithe ÚG: Úsáid Ghinearálta Ghnó | 2.74 | F: Spás Oscailte agus Taitneamhacht (maolán tailte tadhlacha criosaithe ÚG: Úsáid Ghinearálta Ghnó | 1.15 |
| CS: Cúlchiste Straitéiseach | 6.74 | Cp2 (4): Céim 2 – Cónaithe Nua | 7.24 |
| E (1): Pobal agus Oideachas | 1.67 | E (1): Pobal agus Oideachas | 1.77 |
| E (2): Pobal agus Oideachas | 1.56 | E (2): Pobal agus Oideachas | 2.31 |
| N (2): Lárionad Comharsanachta | 0.3 | N (2): Lárionad Comharsanachta | 0.45 |

Tá suíomh na leasuithe seo scáthaithe i mbuí thíos:



**Tabhair do d'aire:** léiríonn an íomhá thíos an criosú úsáide talún athraithe i MBaile Chrotáin sa chás go nglacfar le hAthrú Ábhair Beartaithe Uimh. 59.




**Tabhair do d'aire:** Is leasú iarmhartach é Creat Dearaidh Uirbigh PLF Bhaile Chrotáin mar thoradh ar na hathruithe criosaithe úsáide talún atá beartaithe.

### *11.1.3 Príomhlimistéar Forbartha Bhaile Chrotáin*

***Tábla 11.3: Achoimre Dearaidh PLF Bhaile Chrotáin***

| | |
|---|---|
| ***Achar an tSuímh:*** | *9.19 heicteár: Gnó Ginearálta (GG)*<br>*7.24 heicteár: Cónaithe Nua – Céim 2 (Cp4)*<br>*4.08 heicteár: Pobal agus Oideachas (E)* |

| | |
|---|---|
| | *6.22 heicteár: Spás Oscailte agus Taitneamhacht (F) (lena n-áirítear crios maolánach)*<br>*0.45 heicteár: Lárionad Comharsanacht (N)* |
| ***Dlús glan táscach – áit chónaithe in aghaidh an heicteáir (dph):*** | *40 dph: Cónaithe Nua – Céim 2 (Cp4)* |
| ***Táirgeacht chónaithe mheasta:*** | *252 aonad* |

***Fís***

*Foráil a dhéanamh do shíneadh uirbeach inbhuanaithe a chomhdhlúthaíonn an struchtúr uirbeach atá ann faoi láthair agus a chothaíonn forbairt eacnamaíoch trí leathnú Pháirc Ghnó IDA an Droichid Nua ó dheas, in éineacht le comharsanacht chónaithe dlúth, dea-nasctha a chruthú. Tacóidh réimse bonneagair shóisialta ardchaighdeáin leis an gcomharsanacht, lena n-áirítear bunscoil, tithíocht do dhaoine scothaosta, ionad pobail, ionad comharsanachta, páirc áitiúil agus naíolann.*

***Foirm Thógtha agus Struchtúr Uirbeach***

*Ba cheart go bhféachfadh an fhoirm thógtha le haghaidh úsáidí cónaithe, pobail agus oideachais le comhtháthú leis na comharsanachtaí cónaithe seanbhunaithe máguaird (An Pháirc agus an Corrán ó thuaidh, Kilbelin Abbey ar an taobh thoir agus Teach Cheanannais). Ba cheart don fhoirm uirbeach tréscaoilteacht a sholáthar le blocmhéideanna a bheith, a mhéid is indéanta, idir 80 -120 méadar i dtoise (de réir LDBSU). Ba chóir go mbeadh radharc ag aghaidheanna foirgneamh ar spásanna poiblí, spás oscailte, naisc thréscaoilteacha agus bealaí áitiúla chun faireachas éighníomhach a sholáthar.*

*Urramóidh an fhoirm thógtha an bonneagar glas agus gorm atá ann cheana féin trí pháirc áitiúil a sholáthar le príomhnaisc thréscaoilteacha agus gnéithe taitneamhachta amhail páirceanna CLG, páirceanna Limistéar Cluichí Ilúsáide (MUGA), clós súgartha agus limistéir fóillíochta.*

*Beidh an bhunscoil nasctha leis an bpáirc áitiúil chun go mbeidh áiseanna pobail comhlántach lena chéile ar mhaithe leis an bpobal.*
*Ba cheart an t-ionad comharsanachta nua a chomhtháthú leis an bpríomhbhóthar áitiúil le rochtain ghníomhach taistil ar Bhóthar Walshestown chun lárnacht nua a chruthú a fhreastalaíonn ar an bpobal.*

*Ba cheart go gcuirfeadh forbairtí nua réimse de chineálacha dearaidh ardchaighdeáin ar fáil chun freastal ar raon éagsúil cónaitheoirí agus ag an am céanna timpeallacht thaitneamhach uirbeach a chruthú le limistéir tírdhreacha agus taitneamhachta ar ardchaighdeán.*
*Ba cheart do na bloic ghnó ghinearálta comhtháthú agus síneadh a chruthú ar Pháirc Ghnó IDA an Droichid Nua atá ann cheana féin.*

***Nascacht agus Gluaiseacht***

*Ba cheart go mbeadh rochtain feithiclí ar an PLF trí Bhóthar Walshestown (Bóthar Áitiúil L7043). Spreagfar taisteal gníomhach chuig an mbunscoil trí nascacht fheabhsaithe a sholáthar agus trí Bhóthar Walshestown a athdhearadh de réir LDBSU (nuashonraithe 2019) chomh fada le droichead Mótarbhealaigh an M7.*

*Beidh rochtain ar an mbunscoil (rochtain foirne), ionad pobail, ionad comharsanachta agus tithíocht do dhaoine scothaosta agus/nó saoráid tithe altranais amach ó Bhóthar Walshestown trí rochtain atá ann cheana féin.*

*Cuirfidh an PLF timpeallacht atá oiriúnach do choisithe agus do rothaithe ar fáil, agus naisc chuig na saoráidí laistigh den láithreán. Ba cheart go ndéanfadh an PLF foráil freisin do phríomhnaisc taistil ghníomhacha leis na ceantair chónaithe ó thuaidh (an Corrán agus na Páirceanna).*

*Is trí Bhóthar Glas (trí Pháirc Ghnó an Droichid Nua) a bheidh rochtain feithiclí ar an limistéar gnó ginearálta. Ba cheart nasc tréscaoilteachta a sholáthar idir an pháirc ghnó leathnaithe agus Bóthar Walshelstown ó dheas chun rochtain taistil ghníomhach a sholáthar.*

***Bonneagar Glas agus Gorm, Spásanna Oscailte agus Draenáil Uisce Dromchla***

*Ba cheart gnéithe nádúrtha ar an láithreán amhail fálta sceach, crannteorainneacha agus crainn aibí atá ann cheana féin a choinneáil a mhéid is féidir chun na líonraí bithéagsúlachta agus éiceolaíocha atá ann cheana féin laistigh den PLF a chosaint. Cuirfidh na gnéithe seo mothú áite ar fáil freisin, cuirfidh siad cuma tharraingteach ar an radharc agus feabhsóidh siad folláine fhoriomlán an phobail.*

*Ba cheart go gcuirfeadh dearadh tírdhreacha nua PLF feabhas ar acmhainneacht fhadtéarmach na bithéagsúlachta laistigh de spásanna oscailte agus go gcomhlánódh sé na gnéithe nádúrtha atá ann cheana féin.*

*Ba chóir an pháirc áitiúil a dhearadh le bailchríocha ardchaighdeáin, páirceanna spóirt, spásanna fóillíochta/scíthe agus clóis súgartha. Ba cheart don dearadh dobharlaigh agus gnéithe nádúrtha atá ann cheana a chomhtháthú, agus tús áite a thabhairt do réitigh atá bunaithe ar an dúlra le haghaidh bainistíocht uisce agus tuilte laistigh den PLF. Ba cheart tograí a ailíniú le Straitéis Bainistíochta Uisce Dromchla Dhroichead Nua agus le Doiciméad Treorach Chomhairle Contae Chill Dara maidir le Córais Draenála Inbhuanaithe (2024), de réir Chuspóirí IEO 2.2 agus IEO 2.3 den Phlean. Ba cheart don pháirc áitiúil naisc a uasmhéadú laistigh den líonra bonneagair glas agus gorm níos mó.*


*Feidhmeoidh an maolán tírdhreacha atá tadhlach leis an limistéar cónaithe agus úsáidí pobail mar chrios idirthréimhseach, ag soláthar deighilt amhairc agus fhuaimiúil ó na bloic ghnó ginearálta. Ba cheart go bhfeidhmeodh sé freisin mar spás taitneamhachta lena n-ionchorpraítear Córais Draenála*

*Inbhuanaithe (SuDS) chun uisce dromchla a bhainistiú go héifeachtach. Ba cheart don mhaolán bithéagsúlacht áitiúil a fheabhsú trí phlandáil crann dúchasach méadaithe agus fásra atá oiriúnach do phailneoirí, i gcomhréir le Cuspóir GBIO 2.3.*

***Teorainneacha agus Cóireálacha Iontrála***

*Ba cheart go mbeadh gach cóireáil iontrála chuig an PLF soiléir le tuiscint ar theacht ó leagan amach na foirme tógtha.*
*Ba cheart go mbeadh meas ag an mbunscoil ar shuíomh tírdhreacha thailte Theach Cheanannais atá ann cheana féin agus cóireáil teorann ardchaighdeáin a sholáthar gan mórán idirghabhála. Ba cheart go seachnódh gach teorainn agus limistéar comhéadain carachtar dúnta nó ballaithe. Tríd is tríd, ba cheart cóireálacha teorann agus iontrála a ailíniú le halt 15.4.5 d'Imleabhar 1.*

*Fíor 11.3: Creat Dearaidh Uirbeach PLF Bhaile Chrotáin*





## Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 60

Tag. Mapa a leasú: V2-N:11.1 Criosaithe Úsáide Talún trí leasú a dhéanamh ar an gcuspóir criosaithe don láithreán atá leagtha amach i mbuí thíos ó 'U: 'Iompar agus Fóntais' go 'B: Aonaid Chónaithe/Inlíonta atá ann cheana'.





**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 61**

Tag. Mapa: V2 – N:11.1 Criosaithe Úsáide Talún, leasú a dhéanamh ar chriosú Pháirc Greenmount ó 'I: 'Talmhaíocht' go 'B: Cónaithe atá ann cheana féin' laistigh den cheantar atá leagtha amach i ndubh mar seo a leanas:





**Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 62**


Tag. Mapa: L2 – N:11.1 Criosaithe Úsáide Talún, an criosú a leasu ó 'ÚG: Úsáid Ghinearálta Ghnó' go 'I: Talmhaíocht' laistigh den cheantar atá leagtha amach i ndubh mar seo a leanas:



## Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 63

Tagairt Léarscáile V2 – N:11.2 Cur i bhFeidhm, cuir an méid seo a leanas in ionad na léarscáile atá ann cheana:



**Tabhair do d'aire:** tá cóip ardtaifigh den léarscáil athsholáthair seo le fáil in Aguisín 1.

## Athrú Beartaithe Uimh. 2 Leasuithe ar Imleabhar 1 agus Imleabhar 2 Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023 - 2029 (arna athrú)

### Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 64

Plean Forbartha Chontae Chill Dara 2023 – 2029 (arna athrú), Imleabhar 2, Alt V2 2.7 an Ceantar Máguaird Bhaile na Mná Maithe, an dara sraith de Thábla 2.5 a leasú mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| I | Talmhaíocht | Is é cuspóir an chriosaithe seo a chinntiú go seachnaítear cúngú breise forbartha i dtreo Dhroichead Nua go háirithe, ach freisin i dtreo an Náis ar mhaithe le fás dlúth. Laistigh den chrios seo, coinneofar úsáidí talmhaíochta agus ceadófar síneadh cuí a chur ar áitribh atá ann cheana féin. Ní cheadófar tuilleadh tithíochta nua laistigh den chrios seo *ach amháin i gcás ina bhfuil an t-iarratasóir ag gabháil d'fheirmeoireacht agus i gcás ina bhfuil an áit chónaithe suite ar thalamh teaghlaigh*. |

## Measúnú Straitéiseach ar Riosca Tuilte de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023 - 2029 (Arna Athrú) (Athrú Uimh. 2)

### Athrú Ábhair Beartaithe Uimh. 65

Tá an téacs seo a leanas le nuashonrú in alt 1.3 den Mheasúnú Straitéiseach ar Riosca Tuilte (MSRT):

> *Maidir leis na limistéir nach raibh mapáil tuilte ar fáil cheana féin, gineadh criosanna tuilte táscacha ag trí úsaid a bhaint as sonraí breise lena n-áirítear an Limistéar Tairbhí Ceantair Draenála mapáilte nó ó shreafaí a measadh ó mhodheolaíocht Nuashonraithe Staidéar Tuilte (FSU) an OOP, geoiméadracht abhann a baineadh as Samhail Tír-raoin Dhigiteach LiDAR (DTM) ag baint úsáide as bogearraí CFG, leibhéil uisce a táirgeadh ag baint úsáide as bogearraí samhaltaithe hiodrálaigh 1-T agus fairsinge na dtuilte a mapáladh ar an LiDAR DTM ag baint úsáide as bogearraí CFG.*

Tá Cuid 1 de Thábla 3-4 in Alt 3.7 den MSRT le leasú mar seo a leanas:

| Tástáil Fírinnithe le haghaidh Pleananna Forbartha |
|---|
| ***1.*** ***~~Leagtar amach sa Straitéis Eacnamaíoch Spásúil Réigiúnach do Réigiún Lár-Tíre Thoir 2019-2031 an treo atá beartaithe le haghaidh fáis laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath suas go dtí 2031 trí éifeacht réigiúnach a thabhairt don bheartas pleanála náisiúnta faoi Thionscadal Éireann 2040; an Creat Náisiúnta Pleanála & a Threochlár Cur Chun Feidhme.~~*** <br><br> ***Tá an lonnaíocht uirbeach dírithe ar fhás faoin Straitéis Náisiúnta Spásúil, treoirlínte pleanála réigiúnacha, pleananna reachtúla mar a shainmhínítear thuas nó faoi na Treoirlínte Pleanála nó na Treoracha Pleanála forálacha den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.*** |

Tá an téacs seo a leanas le cur san áireamh in Alt 4.2.7 den MSRT:

> *'Tugann Aguisín B de na Treoirlínte BRT Aguisíní Teicniúla, tuilleadh faisnéise teicniúla maidir le breithnithe le haghaidh bearta maolaithe chun dearadh a dhéanamh i gcoinne riosca tuilte. Áirítear leis na breithnithe sin measúnú ar riosca iarmharach, sárú, rochtain agus imeacht, tógáil atá frithsheasmhach in aghaidh tuilte, tógáil atá athléimneach in aghaidh tuilte, leibhéil urláir a ardú, leagan amach inmheánach oiriúnaithe, agus pleanáil freagartha éigeandála.'*


Tá an téacs seo a leanas le cur san áireamh mar phointe urchair in alt 5.3:


*‘Faisnéis stairiúil faoi iarratais phleanála agus doiciméid ghaolmhara ar fáil lena n-athbhreithniú ag* Córas Fiosrúcháin Pleanála Ar Líne CCCD*.’*

Tá an téacs seo a leanas le cur san áireamh in alt 5.6.2 den MSRT:

*‘Tugtar faoi deara go bhfuil sainaithint agus mapáil riosca tuilte mar a léirítear i Mapáil Crios Tuilte Abhann CFRAM faoi réir athraithe, ag brath ar athbhreithniú a rinne an OOP ar Mhapáil CFRAM agus ar shonraí gaolmhara. Forbraíodh an MSRT seo ag baint úsáide as an bhfaisnéis is fearr a bhí ar fáil tráth a fhoilsithe. Mar sin féin, ba cheart do gach iarratas pleanála a dhéantar le linn shaolré an phlean aird chuí a thabhairt ar an eolas tuilte is déanaí atá ar fáil, lena n-áirítear léarscáiliú tuilte a d’fhéadfadh a bheith foilsithe tar éis fhoilsiú an MSRT.’*

Tá na híomhánna agus an téacs athsholáthair seo a leanas le cur san áireamh in Alt 7.1.2 den MSRT:


| | |
|---|---|
| |  |


<table>
<tr><td></td><td>
</td></tr>
<tr><td>Athbhreithniú ar Riosca Tuilte</td><td><u>Tuilte Abhann</u><br><br>Le linn athbhreithniú ar chriosanna tuilte CFRAM sa Droichead Nua, tugadh aird ar roinnt ceantar ina bhfuil criosuithe laistigh de cheantair atá i mbaol tuile. Áirítear leo sin criosuithe atá an-leochaileach agus a bhfuil Tástáil Fírinnithe ag teastáil uathu chun oiriúnacht an chriosaithe a bhailíochtú. Tá tailte a aicmítear mar Thailte Cónaitheacha atá ann Cheana (lena n-áirítear codanna de Old Connell Weir, Barrettstown Meadows, Riverside Park, Lána an Mhuilinn, College Grove, Barrettstown Lawns, Bóithre Barrettstown, Ring of Roseberry, Ailesbury Park, Abbey Manor, Belin Wood, Kilbelin Park, Liffey Hall, Moorefield Park, Millfield, Curragh Grange, Kilbelin Abbey, Belmont Green, Walshestown Abbey, Walshestown Park agus eastáit chónaithe Chrosbhóthair Walshestown) lonnaithe i gCriosanna Tuilte A agus B. Tá tailte a aicmítear mar chriosú Pobail agus Oideachais, Tionscail agus Stórála, agus Iompair agus Fóntais (lena n-áirítear codanna de Choláiste an Droichid Nua, Bunscoil Patrician, Meánscoil Patrician, agus Eastát Tionsclaíoch an Droichid Nua) lonnaithe i gCriosanna Tuilte A agus B.<br><br>Sa chás nach bhfuil Léarscáiliú Tuilte Abhann CFRAM ar fáil do chúrsa uisce Chonnail Bheag, rinne an measúnú riosca tuilte seo meastóireacht ar Mheasúnuithe Riosca Tuilte Sonracha do Shuíomhanna a cuireadh isteach le ceadanna pleanála deonaithe laistigh den cheantar agus rinne sé athbhreithniú ar léarscáiliú Talún Tairbhí an Cheantair Draenála chun riosca tuilte a mheas. Léirigh anailís hiodrálach laistigh de na MSRTanna go bhfuil acmhainn leordhóthanach ag an gcainéal sruthchúrsa a shreabhann trí Chonnail Bheag chun na sreafaí 1% AEP a choinneáil agus soláthar don athrú aeráide san áireamh. Dá bhrí sin, meastar gur cuí Crios Tuilte A a choinneáil laistigh de bhruacha an tsruthchúrsa.<br><br>Déanann Comhairle Contae Chill Dara cainéal an Cheantair Draenála a chothabháil agus tugtar faoi deara gur cuireadh bearta cothabhála i bhfeidhm feadh Bhóthar an Náis ag maolú riosca tuile a bhí ag tarlú roimhe seo ag an suíomh seo. Mar sin féin, in ainneoin cothabháil agus bainistíocht leanúnach ag Comhairle Contae Chill Dara, glacadh le cur chuige réamhchúramach i gcomhréir leis na Prionsabail Phleanála in Alt 3.1 de na Treoirlínte chun an neamhchinnteacht maidir le tacair</td></tr>
</table>

<table>
<tr><td></td><td>sonraí tuilte agus teicnící measúnaithe riosca laistigh den cheantar seo a léiriú. Mar sin, aicmíodh gach talamh laistigh de limistéar tairbhe an Cheantair Draenála mar Chrios Tuilte B le leibhéal measartha riosca tuilte. Tá tailte sa cheantar seo criosaithe le haghaidh Tionscail agus Stórála a mheastar a bheith 'níos lú leochailí' do thuilte agus nach bhfuil an Tástáil Fírinnithe ag teastáil. Mar sin féin, beidh gá le FRA a bhaineann go sonrach leis an láithreán le haghaidh gach forbartha sna ceantair seo.</td></tr>
<tr><td>Maolú Riosca Tuilte</td><td>Laistigh den Phlean Lonnaíochta, déantar riosca tuilte a bhainistiú trí raon beart struchtúrach agus neamhstruchtúrach chun riosca tuilte d'fhorbairt a bhainistiú go leordhóthanach agus chun a léiriú nach mbeidh drochthionchar do-ghlactha ag baint le húsáid nó an fhorbairt in áiteanna eile.<br><br>
• Tá suíomhanna Criosaithe Forbartha Nua teoranta do cheantair atá oiriúnach le haghaidh forbartha gan gá le tástáil fírinnithe<br>
• Ní mór do gach iarratas pleanála:<br>
    ○ a fhorbairt i gcomhréir le beartais agus cuspóirí uisce dromchla agus draenála Caibidil 6 de PFC CCCD (lena n-áirítear Treoirdhoiciméad um Chórais Draenála Inbhuanaithe Chill Dara, 2024)<br>
    ○ tabhairt faoi Phlean Bainistíochta Uisce Dromchla (PBUS) chun aon riosca tuilte báistiúil féideartha a mhaolú agus ní mór é a ailíniú leis an straitéis draenála beartaithe ábhartha atá leagtha amach laistigh de Straitéis Bainistíochta Uisce Dromchla Phlean Lonnaíochta Dhroichead Nua.<br>
• Gan aon fhorbairt nua laistigh de cheantair atá íogair don athrú aeráide nuair is féidir<br>
• Gan aon fhorbairt a dhéanamh amach anseo ar cheantair i lonnaíocht uirbeach atá i mbaol measartha nó ard tuilte, seachas mionfhorbairt i gceantair atá forbartha go suntasach cheana féin.<br>
    ○ Ní mór do mhionfhorbairt critéir Alt 5.28 Athbhreithnithe – leathanach 52 de na Treoirlínte a chomhlíonadh de réir Chiorclán Treoirlínte Pleanála PL 2/2014<br>
    ○ Níor cheart do Mhionfhorbairt:<br>
        ▪ Líon suntasach breise daoine a thabhairt isteach i gceantair atá i mbaol tuilte<br>
        ▪ Bac a chur ar bhealaí sreafa tábhachtacha<br>
        ▪ Substaintí guaiseacha a stóráil i bheith gceist<br>
    ○ Ní mór do Mhionfhorbairt:<br>
        ▪ A bheith faoi réir FRA a bhaineann go sonrach le Suíomh<br>
        ▪ Dearadh le haghaidh Riosca Tuilte Iarmharaigh i gcomhréir le hAlt 4 d'Aguisín B de na Treoirlínte trí bhreithniú a dhéanamh ar:<br>
            • Sárú ar dhearadh líonra draenála uisce stoirme<br>
            • Leibhéil urláir a ardú os cionn na leibhéil tuilte a bhfuiltear ag súil leo<br>
            • Leagan amach inmheánach atá athléimneach ó thaobh tuilte de<br>
            • Modhanna tógála atá friotaíoch in aghaidh tuilte<br>
            • Modhanna tógála atá frithsheasmhach in aghaidh tuilte<br>
            • Rochtain agus Bealach Amach Sábháilte</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| Conclúid | *Tá ceanglas ann SSFRA a chur i gcrích le haghaidh aon fhorbairtí nua cónaithe atá beartaithe a chinnteoidh go leanfar an cur chuige seicheamhach ar leibhéal a bhaineann go sonrach leis an láithreán agus freisin nach gceadaítear forbairt mhíchuí i gcriosanna tuile.*<br><br>Tá méid na limistéar ina gcaithfear ina gcaithfear SSFRA a dhéanamh mar chuid d'iarratais phleanála leagtha amach. Soláthraíonn an limistéar atá leagtha amach cur chuige coimeádach maidir le riosca tuilte agus éilíonn sé go gcomhlánóidh gach maoin a bhfuil tionchar ag an gCás Todhchaí Ardleibhéil 0.1%AEP SSFRA a chur i gcrích. Ba cheart do SSFRAnna aghaidh a thabhairt ar gach cineál riosca tuilte, bearta maolaithe, riosca tuilte iarmharach agus an cur chuige seicheamhach chun úsáid talún chuí a shannadh i ndáil le leochaileacht an chineáil forbartha atá beartaithe. ~~Ceanglaítear ar gach iarratas pleanála a fhorbairt i gcomhréir le beartais agus cuspóirí uisce dromchla agus draenála Caibidil 6 de PFC CCCD (lena n-áirítear Treoirdhoiciméad um Chórais Draenála Inbhuanaithe Chill Dara, 2024) chun tabhairt faoi Phlean Bainistíochta Uisce Dromchla (PBUD) chun aon riosca tuilte báistiúil féideartha a mhaolú. Ní mór don SWMP a bheith i gcomhréir leis an straitéis draenála ábhartha atá beartaithe agus atá leagtha amach i Straitéis Bainistíochta Uisce Dromchla Phlean Lonnaíochta an Droichid Nua~~.<br><br>Bunaithe ar na critéir sna Treoirlínte, tá gá leis an Tástáil Fírinnithe sa Phlean Forbartha chun a mheas an bhfuil na criosuithe Cónaithe, Pobail agus Oideachais, Tionscail agus Stórála, agus Talmhaíochta atá ann cheana féin sa cheantar seo fós oiriúnach.<br><br>*Rinne* CCCD Tástáil Fírinnithe chinn sé go meastar gurb iomchuí na criosanna atá ann cheana agus atá beartaithe a choinneáil. Tá na Tástálacha Fírinnithe ~~*san*~~ áireamh in **Aguisín C**.<br><br>*Tugtar faoi deara go bhfuil léarscáiliú CFRAM sa réigiún ó dheas den Droichead Nua faoi réir athbhreithnithe mar gheall ar athrú ar dhálaí hiodrálacha sa réigiún seo. Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe, d'fhéadfadh sé go dtarlódh athruithe ar fhairsinge tuilte abhann CFRAM sa réigiún seo.*<br><br>~~Tá ceanglas ann SSFRA a chur i gcrích le haghaidh aon fhorbairtí nua cónaithe atá beartaithe a chinnteoidh go leanfar an cur chuige seicheamhach ar leibhéal a bhaineann go sonrach leis an láithreán agus nach gceadaítear forbairt i gcriosanna tuilte.~~ |


Tá an léarscáil nuashonraithe seo a leanas, lena n-áirítear Talamh Tairbhe Cheantar Draenála do cheantar Chonnail Bheag, le cur san áireamh in Aguisín B in ionad Fíor B 2:




Tá na Tástálacha Fírinnithe in Aguisín C le nuashonrú chun téacs breise a chur san áireamh mar seo a leanas:

| *Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029* | *Droichead Nua: B – Aonaid Chónaithe / Inlíonta atá ann cheana* |
|---|---|




| | |
|---|---|
| ***Tá an lonnaíocht uirbeach dírithe ar fhás faoin Straitéis Náisiúnta Spásúil, treoirlínte pleanála réigiúnacha, pleananna reachtúla mar a shainmhínítear thuas nó faoi na Treoirlínte Pleanála nó na Treoracha Pleanála forálacha den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.*** | *Leagtar amach sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (SRSE) do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre 2019-2031 an treo atá beartaithe le haghaidh fáis inbhuanaithe laistigh de Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre suas go dtí 2031. Cuireann an SRSE pleanáil straitéiseach agus beartas eacnamaíoch ar fáil ar leibhéal réigiúnach chun tacú le cur i bhfeidhm an Chreata Náisiúnta Pleanála (CNP) agus soláthraíonn sé leibhéal níos mó fócais maidir leis na Cuspóirí Beartais Náisiúnta agus Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta an CNP.*<br>*Soláthraíonn an Droichead Nua raon leathan feidhmeanna seirbhíse agus fostaíochta áitiúla agus dá réir sin, ainmníodh é mar Bhaile Fáis Féinchothabhálach faoi Phlean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029, ag teacht le hOrdlathas Lonnaíochta SRSE.* |
| ***Teastaíonn criosú nó ainmniú na dtailte don chineál áirithe úsáide nó forbartha chun pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe na lonnaíochta uirbí a bhaint amach agus go háirithe:*** | *Talamh Criosaithe:*<br>- *B – Aonaid Chónaithe / Inlíonta atá ann cheana,*<br>*Tá criosú ag teastáil chun pleanáil agus forbairt cheart an Droichid Nua a choinneáil.* |
| ***(i) Tá sé riachtanach chun athghiniúint agus / nó leathnú lár na lonnaíochta uirbí a éascú,*** | *Tá. Cuimsíonn an talamh i dtuaisceart an Droichid Nua atá criosaithe mar áit cónaithe / inlíonta atá ann cheana féin, eastáit chónaithe Old Connell Weir, Barrettstown Meadows, Riverside Park, Lána an Mhuilinn, College Grove, Barrettstown Lawns, Barrettstown Roads,* |

| | |
|---|---|
| | *Ring of Roseberry, Ailesbury Park, agus Abbey Manor.* |
